TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
SZPUNAR
arna tabhairt an 6 Feabhra 2025[1]

Cás C-492/23

X
v
Russmedia Digital SRL,
Inform Media Press SRL

(Iarraidh ar réamhrialú ó Curtea de Apel Cluj (Cúirt Achomhairc Cluj, an Rómáin))

(Tarchur chun réamhrialú – Comhfhogasú dlíthe – Trádáil leictreonach – Treoir 2000/31/CE – Cosaint sonraí pearsanta – Rialachán (AE) 2016/679 – Dliteanas soláthraithe idirmheánacha – Soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise a bhfuil cáil an rialaitheora aige freisin ar shonraí pearsanta– Dliteanas – Raon feidhme)

Réamhrá

1. Baineann na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú sa chás seo le forálacha Threoir 2000/31/CE[2] agus Rialachán (AE) 2016/679[3].

2. Tagann na ceisteanna sin ó imeachtaí idir duine nádúrtha agus oibreoir margaidh ar líne ar foilsíodh fógra air, gan toiliú ón duine sin, lenar cuireadh in iúl go raibh seirbhísí gnéis á gcur ar fáil aici sin. Is éard atá sainiúil faoin gcás seo ná go raibh sonraí pearsanta san fhógra lena mbaineann.

3. Lena ceisteanna, a bhaineann le RGCS, tá an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach, i ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, ar sháraigh oibreoir margaidh ar líne amhail an t-oibreoir sa díospóid sna príomhimeachtaí na hoibleagáidí atá air faoin Rialachán sin agus, ar an dara dul síos, an bhféadfadh oibreoir mar sin a bheith cumhdaithe leis an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31 sa mhéid a bhaineann le fógra arna fhoilsiú ar an margadh ar líne sin. Leis an tarchur reatha chun réamhrialú, mar sin, tugtar deis don Chúirt chun rialú a thabhairt ar an ngaol idir na scéimeanna arna mbunú leis an dá ghníomh sin de dhlí an Aontais.

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

[2] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('An Treoir um thrádáil leictreonach') (IO 2000 L 178, lch. 1).

[3] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1, 'RGCS').

I. An dlí lena mbaineann

A. Dlí an Aontais

1. Treoir 2000/31

4. Le hAirteagal 1(5) de Threoir 2000/31, dar teideal 'Cuspóir agus raon feidhme', foráiltear, *inter alia*, 'nach bhfuil [sé] infheidhme ar cheisteanna a bhaineann le seirbhísí na sochaí faisnéise atá cumhdaithe le Treoracha 95/46/CE [4] agus 97/66/CE [5]'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5. Baineann Airteagail 12, 13 agus 14 den Treoir sin, atá i Roinn 4 de, dar teideal 'Dliteanas soláthróirí idirmheánacha', de Chaibidil II di, dar teideal 'Prionsabail', le soláthróir seirbhísí na sochaí faisnéise a bhíonn ag déanamh, gníomhaíocht nach bhfuil ann ach iompar ('cainéal fórach'), cineál stóráil a dtugtar 'taisceadh' air nó gníomhaíocht óstála faoi seach. Leis na forálacha sin cinntear freisin na coinníollacha faoina ndéantar soláthróirí mar sin a dhíolmhú ón bhfreagracht as faisnéis a thagann ó lucht úsáide a gcuid seirbhísí.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6. De réir Airteagal 14(1) den Treoir sin, dar teideal 'Óstáil':

'Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthraítear seirbhís sochaí faisnéise arb é atá i gceist léi stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, nach mbeidh an soláthraí freagrach as an bhfaisnéis a stóráiltear arna iarraidh sin d'fhaighteoir na seirbhíse ar choinníoll:

a) nach bhfuil eolas iarbhír ag an soláthraí ar an ngníomhaíocht aindleathach ná ar an bhfaisnéis aindleathach agus, sa mhéid a bhaineann le héileamh ar dhamáistí, nach bhfuil sé ar an eolas faoi fhíorais nó imthosca óna leanann sé go bhfuil an ghníomhaíocht nó an fhaisnéis aindleathach

nó

b) go ngníomhaíonn an soláthraí, a luaithe a fhaigheann sé an t-eolas sin, go pras chun rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint nó a dhíchumasú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7. Le hAirteagal 15 den Treoir chéanna, dar teideal 'Gan oibleagáid ghinearálta faireacháin':

'1. Ní bheidh ar na Ballstáit oibleagáid ghinearálta a fhorchur ar na soláthraithe, don soláthar seirbhísí dá dtagraítear in Airteagail 12, 13 agus 14, chun faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis arna tarchur nó arna stóráil acu, nó oibleagáid ghinearálta chun bheith ag lorg fíorais nó cúinsí a thugann gníomhaíocht aindleathach le fios go gníomhach.

[4] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine nadúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31).

[5] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint in earnáil na teileachumarsáide (IO 1998 L 24, lch. 1).

2. Féadfaidh na Ballstáit oibleagáid a bhunú do sholáthraithe seirbhísí na sochaí faisnéise chun na húdaráis phoiblí inniúla a chur ar an eolas go pras faoi ghníomhaíochtaí aindleathacha a líomhnaítear a bheith déanta ag faighteoirí a seirbhísí nó faoi fhaisnéis aindleathach líomhnaithe arna soláthar ag faighteoirí a seirbhísí nó chun faisnéis a chur in iúl do na húdaráis inniúla, arna iarraidh sin dóibh, ar faisnéis í lena bhféadfar faighteoirí a seirbhísí a shainaithint lena bhfuil comhaontú óstála acu.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

2. RGCS

8. Le hAirteagal 2(4) de RGCS, dar teideal 'Raon feidhme ábhartha', foráiltear:

'Is gan dochar an Rialachán seo do chur i bhfeidhm [Threoir 2000/31], go háirithe maidir leis na rialacha dliteanais a bhaineann le soláthraithe idirmheánacha seirbhíse in Airteagal 12 go hAirteagal 15 den Treoir sin.'

9. Is mar seo a leanas atá Airteagal 4 den Rialachán sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

7) ciallaíonn "rialaitheoir" an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó féadfar foráil a dhéanamh do na critéir shonracha dá ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit;

8) ciallaíonn "próiseálaí" duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora;

[...]

11) ciallaíonn "toiliú" an ábhair sonraí aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi;

[...]'

10. Le hAirteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal 'Prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta', foráiltear:

'1. Maidir le sonraí pearsanta:

a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí ("dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht");

b) déanfar iad a bhailiú chun críoch sonraithe sainráite dlisteanach agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin [...] (teorannú de réir cuspóra);

[...]

f) déanfar iad a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó aindleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla ("sláine agus rúndacht").

2. Is é an rialaitheoir a bheidh freagrach as mír 1 a chomhlíonadh, agus beidh sé in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint ("cuntasacht").'

11. Le hAirteagal 6(1) den Rialachán sin, dar teideal 'Dleathacht na próiseála', foráiltear mar seo a leanas:

'Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

a) tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha;

[...]'

12. Le hAirteagal 7(1) de RGCS, dar teideal 'Coinníollacha maidir le toiliú', foráiltear:

'I gcás ina mbíonn an phróiseáil bunaithe ar thoiliú, beidh an rialaitheoir in ann a thaispeáint gur thug an t-ábhar sonraí toiliú go ndéanfaí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil.'

13. Tá Airteagail 24 go 26 den Rialachán sin i Roinn , dar teideal 'Oibleagáidí ginearálta', de Chaibidil IV de, dar teideal 'Rialaitheoir agus próiseálaí'.

14. Le hAirteagal 24(1) den Rialachán sin, dar teideal 'Freagracht an rialaitheora', foráiltear mar a leanas:

'Agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh aige, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus leibhéal athraitheach déine ag gabháil leo, cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme le háirithiú agus le bheith in ann a thaispeáint go ndéantar an phróiseáil i gcomhréir leis an Rialachán seo. Déanfar na bearta sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá.'

15. Le hAirteagal 25(1) agus (2) den Rialachán sin, dar teideal 'Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú':

'1. Agus an úrscothacht, an costas a bhaineann le cur chun feidhme agus cineál, raon feidhme, comhthéacs agus críocha na próiseála á gcur san áireamh, mar aon leis na rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha a bhaineann leis an bpróiseáil, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus leibhéal athraitheach déine ag gabháil leo, déanfaidh an rialaitheoir, tráth chinneadh na modhanna chun an phróiseáil a dhéanamh agus tráth na próiseála féin, bearta iomchuí teicniúla

agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, amhail ainm bréige a chur i bhfeidhm, a cheaptar chun na prionsabail a bhaineann le cosaint sonraí a chur chun feidhme, amhail íoslaghdú sonraí, ar bhealach éifeachtach agus na coimircí is gá a chomhtháthú sa phróiseáil d'fhonn ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh agus cearta na n-ábhar sonraí a chosaint.

2. Cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme lena áirithiú nach bpróiseáiltear, mar réamhshocrú, ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach i gcás gach cuspóra shonraigh atá leis an bpróiseáil. Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid sonraí a bhailítear, an oiread próiseála dhéantar orthu, an tréimhse a stóráiltear iad lena linn agus an rochtain atá orthu. Áiritheofar le bearta den sórt sin, go háirithe, nach gcuirfear sonraí pearsanta ar fáil mar réamhshocrú do líon éiginnte daoine nádúrtha gan idirghabháil ón duine aonair.'

16. Le hAirteagal 26(1) de RGCS, dar teideal 'Rialaitheoirí comhpháirteacha', foráiltear mar seo a leanas:

'I gcás ina gcinneann dhá rialaitheoir nó níos mó go comhpháirteach críocha agus bealaí na próiseála, beidh siad ina rialaitheoirí comhpháirteacha. Cinnfidh siad, ar bhealach trédhearcach, na freagrachtaí a bheidh orthu faoi seach maidir leis na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, go háirithe maidir le feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí agus na dualgais a bheidh orthu faoi seach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13 agus in Airteagal 14 a chur ar fáil, trí chomhshocrú eatarthu, murar rud é gur le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a chinntear na freagrachtaí atá ar na rialaitheoirí faoi seach, nó a mhéid ar leis na dlíthe sin a chinntear na freagrachtaí atá orthu, agus ar faoina réir atá na rialaitheoirí. Faoin gcomhshocrú, féadfar pointe teagmhála a ainmniú do na hábhair sonraí.'

B. Dlí na Rómáine

17. Le hAirteagal 11 de la Legea nr. 365/2002 privind comerțul electronic (Dlí Uimh. 365/2002 maidir le trádáil leictreonach) an 7 Meitheamh 2002,[6] arna leasú le Legea nr. 121/2006 pentru modificarea și completarea nr. 365/2002 privind comerțul electronic (Dlí Uimh. 121/2006 lena leasaítear agus lena gcomhlíontar Dlí Uimh. 365/2002 maidir le trádáil leictreonach) an 4 Bealtaine 2006[7] ('Dlí Uimh. 365/2002'), foráiltear mar seo a leanas:

'1. Beidh soláthraithe seirbhíse faoi réir na bhforálacha reachtúla maidir le dliteanas sibhialta, coiriúil agus riaracháin, mura bhforáiltear a mhalairt sa Dlí seo.

2. Tá soláthraithe seirbhíse faoi dhliteanas i leith na faisnéise a sholáthraíonn siad féin nó a sholáthraítear thar a gceann.

3. Ní bheidh soláthraithe seirbhíse faoi dhliteanas i leith faisnéis a tharchuireann siad, a stórálann siad nó a bhfaigheann siad rochtain uirthi faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 12 go 15.'

6 *Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 483 an 5 Iúil 2002.

7 *Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 403 an 10 Bealtaine 2006.

18. Le hAirteagal 14 den Dlí sin, dar teideal ‘Faisnéis a choinneáil go buan, óstáil’, foráiltear:

‘1. I gcás ina bhfuil stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse i gceist le seirbhís sochaí faisnéise, ní bheidh soláthraí na seirbhíse sin faoi dhliteanas i leith na faisnéise a stóráiltear arna iarraidh sin d’fhaighteoir má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

a) níl an soláthraí seirbhíse ar an eolas faoi neamhdhleathacht na gníomhaíochta nó na faisnéise a stóráiltear agus, i ndáil le héileamh ar dhamáistí, nach bhfuil sé ar an eolas faoi fhíorais nó faoi imthosca óna leanann sé go bhféadfaí dochar a dhéanamh do chearta tríú páirtí leis an ngníomhaíocht nó leis an bhfaisnéis atá i gceist;

b) má tá sé ar an eolas faoi neamhdhleathacht na gníomhaíochta nó na faisnéise lena mbaineann nó faoi na fíorais nó faoi na himthosca óna leanann sé go bhféadfaí dochar a bheith á dhéanamh do chearta tríú páirtí leis an ngníomhaíocht nó leis an bhfaisnéis atá i gceist, gníomhaíonn soláthraí na seirbhíse chun iad a scriosadh nó chun rochtain orthu a bhaint.

2. Ní bheidh feidhm ag forálacha mhír 1 i gcás ina bhfuil an faighteoir ag gníomhú faoi údarás nó faoi rialú an tsoláthraí seirbhíse.

3. Le forálacha an Airteagail seo, ní dhéanfar aon difear don fhéidearthacht atá ag údarás breithiúnach nó riaracháin chun ceangal a chur ar an soláthraí seirbhíse an sárú ar shonraí a fhoirceannadh nó a chosc, ná don fhéidearthacht nósanna imeachta rialtais a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis a theorannú nó a dhíchumasú.’

II. Na fíorais is cúis leis an díospóid sna príomhimeachtaí, na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

19. Is é Russmedia Digital SRL (‘Russmedia’), cuideachta a corpraíodh faoi dhlí na Rómáine, úinéir an mhargaidh ar líne www.publi24.ro, ar féidir fógraí saor in aisce nó fógraí íoctha a fhoilsiú air, ar fógraí iad a bhaineann, *inter alia*, le hearraí a dhíol nó le seirbhísí a sholáthar ó cheantair éagsúla sa Rómáin.

20. An 1 Lúnasa 2018, d’fhoilsigh duine neamhaitheanta fógra ar an margadh ar líne sin ina raibh ábhar a bhí dímheasúil agus maslach i leith an iarratasóra sna príomhimeachtaí, a mhéid a cuireadh in iúl ann go raibh seirbhísí gnéis á gcur ar fáil aici sin (‘an fógra conspóideach’). San fhógra sin bhí grianghrafanna den iarratasóir sna príomhimeachtaí, arna n-úsáid gan toiliú uaithi, a tháinig ó chuntas a bhí aici go dleathach ar líonra sóisialta, chomh maith lena huimhir teileafóin. Ní dhearnadh céannacht an té a phostáil an fógra sin a fhíorú in aon chaoi sular foilsíodh é. Agus teagmháil déanta leis ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí, bhain Russmedia an fógra sin dá mhargadh ar líne laistigh d’aon uair an chloig ina dhiaidh sin. Mar sin féin, bhí an fógra céanna curtha ar líne ag suíomhanna gréasáin eile a bhíonn ag plé leis an bhfoghraíocht, agus an foinse á chur in iúl acu, agus tá sé fós ar fáil orthu sin.

21. Agus í ag ceapadh gur sáraíodh a cuid cearta leis an bhfógra conspóideach, thug an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí caingean i gcoinne Russmedia.

22. Dheonaigh Judecătoria Cluj-Napoca (Cúirt Chéadchéime Cluj-Napoca, an Rómáin) an t-achomharc agus, ar bhonn Airteagal 253 den chód sibhialta,[8] d'ordaigh sí do Russmedia EUR 7 000 a íoc leis an iarratasóir sna príomhimeachtaí as an damáiste neamhábhartha a bhain di mar gheall ar an ionsaí ar a ceart chun íomhá poiblí, chun onóra agus chun cáile, leis an sárú ar a ceart chun saoil phríobháidigh agus leis an bpróiseáil neamhchomhlíonach ar shonraí pearsanta. Chinn an chúirt sin go raibh an fógra lena mbaineann ina shárú ar na hoibleagáidí a bhí ar Russmedia faoi RGCS. Chinn an chúirt sin gur sáraíodh go tromchúiseach cearta an iarratasóra sna príomhimeachtaí toisc gur údaraigh Russmedia an fógra sin a fhoilsiú agus a scaipeadh ar líne ina dhiaidh sin.

23. Dheonaigh Tribunalul Specializat Cluj (Cúirt Speisialaithe Cluj, an Rómáin) don achomharc a rinne Russmedia, agus chinn sé go raibh an chaingean a thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí gan bhunús ar an bhforas nárbh í an chuideachta sin údar an fhógra lena mbaineann. Chinn an chúirt sin nach raibh á sholáthar ag Russmedia ach seirbhís chun fógraí a stóráil, gan bheith rannpháirteach go gníomhach 'maidir le hábhar' na bhfógraí sin, agus go raibh feidhm, sna himthosca sin, ag an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Dhlí Uimh. 365/2002.

24. Dar leis an gcúirt achomhairc, bhain Russmedia an fógra conspóideach óna mhargadh ar líne laistigh d'aon uair an chloig tar éis don iarratasóir sna príomhimeachtaí teagmháil a dhéanamh leis. Chinn an chúirt sin go raibh Russmedia díolmhaithe ó dhliteanas i leith an damáiste a éilíodh, ós rud é nárbh í an chuideachta sin údar an fhógra lena mbaineann agus gur bhlocáil sí é, ag féachaint d'Airteagal 11(3) agus d'Airteagal 14(1)(b) de Dhlí Uimh. 365/2002, a luaithe a tháinig sí ar an eolas gur dócha go bhféadfadh cearta an iarratasóra sna príomhimeachtaí a bheith á sárú leis.

25. Sa mhéid a bhaineann leis an oibleagáid atá ar an rialaitheoir a fhíorú, sula bhfoilsítear fógra, an bhfuil sé de cheart ag údar an fhógra na sonraí pearsanta atá ann a úsáid, chinn an chúirt achomhairc ansin go raibh feidhm ag Airteagal 11 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Dlí Uimh. 365/2002, ar dá réir nach gceanglaítear ar sholáthraí seirbhíse sochaí faisnéise faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a stóráiltear.[9]

26. Ar deireadh, chinn an chúirt achomhairc nach bhféadfaí Russmedia a cháineadh toisc nach ndearna sé bearta chun stop a chur le scaipeadh an fhógra lena mbaineann ar líne. Dar léi sin, ba é foilsiú an fhógra sin an tseirbhís a soláthraíodh agus rinneadh na bearta chun rochtain phoiblí air a bhlocáil a luaithe a thug an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí foláireamh do Russmedia. Dá bhrí sin, chinn an chúirt sin go raibh feidhm sa chás seo ag Dlí Uimh. 365/2002, lena ndíolmhaítear an chuideachta sin ó dhliteanas i leith damáiste neamhábhartha arb é ábhar na bhfógraí arna bhfoilsiú ag úsáideoirí ar an suíomh www.publi24.ro is cúis leis.

27. Thug an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Curtea de Apel Cluj (Cúirt Achomhairc Cluj, an Rómáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

[8] Cé nach ndéantar an fhoráil sin a atáirgeadh san ordú tarchuir, bunaítear léi na cosaintí don duine ar sáraíodh nó ar bagraíodh a chearta nó a cearta neamhairgid. Féadfaidh duine den sórt sin, *inter alia*, damáistí nó, de réir mar a tharlóidh sé, cúiteamh airgeadais a lorg as an díobháil a bhain dó nó di má tá an díobháil sin inchurtha i leith an té a rinne an díobháil.

[9] Rinneadh na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Dlí Uimh. 365/2002 a fhormheas le Hotărârea Guvernului nr. 1.308/2002 (Cinneadh Rialtais Uimh. 1 308) atá mar ghníomh riaracháin rialála. Le hAirteagal 11(1) den chinneadh sin foráiltear mar a leanas: 'Ní cheanglófar ar sholáthraithe seirbhísí na sochaí faisnéise a sholáthraíonn na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagail 12 go 15 [de Dhlí Uimh. 365/2002] faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tharchuireann nó a stórálann siad ná sonraí a lorg go gníomhach a bhaineann le gníomhaíochtaí nó faisnéis a ndealraítear go bhfuil siad neamhdhleathach i réimse sheirbhísí na sochaí faisnéise a sholáthraíonn siad'.

28. Ina hachomharc, áitíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, *inter alia*, nach bhfuil Dlí Uimh. 365/2002 mar dhlí speisialta le taobh RGCS agus, dá réir sin, gur cheart don chúirt achomhairc dliteanas Russmedia a scrúdú i bhfianaise fhorálacha an Rialacháin sin.

29. Ina theannta sin, maíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí nach raibh ról Russmedia teoranta d'fheiste theicniúil shonrach na rochtana ar an bhfreastalaí óstála a sholáthar do chustaiméirí. Dar leis, bhí ról bainistíochta ag an gcuideachta sin freisin, agus idirghabháil á déanamh aici in ábhar na bhfógraí, d'fhonn bainistíocht fhónta faisnéise a éascú. Maítear go ndéanann an chuideachta sin, mar bhainisteoir an tsuímh gréasáin atá i dtrácht, ábhar na faisnéise a stóráil agus a phróiseáil. Mar chuid de phróiseáil agus stóráil sonraí, agus iad a chur ar fáil don phobal i bhfoirm áirithe, maítear go ndéantar anailís orthu agus ar an bhfaisnéis atá sna fógraí agus bainistíocht chomh maith, rud atá riachtanach chun rochtain éasca don phobal a áirithiú, rud a léiríonn, táthar á mhaíomh, go bhfuil baint dhíreach ag an gcuideachta sin léi. Dá bhrí sin, áitíonn an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí nach bhfuil feidhm ag Airteagal 14 de Dhlí Uimh. 365/2002 sa chás seo. Áitíonn sí freisin nach bhfuil feidhm ag an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear san fhoráil sin má bhunaítear dliteanas faoi ghníomhartha rialála eile, amhail RGCS, arb amhlaidh, dar léi, sa chás seo.

30. Dheonaigh an chúirt a rinne an tarchur an t-achomharc, agus í ag ceapadh nár scrúdaigh an chúirt achomhairc infheidhmeacht fhorálacha RGCS in imthosca an cháis, rinne sí an cinneadh ar achomharc a fhreaschur agus chuir sí bac ar na himeachtaí go dtí go mbeadh breithiúnas nua tugtha ar achomharc.

31. I ndáil leis sin, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, dar léi, nach bhfuil aon oibleagáid ar oibreoirí margaidh ar líne réamhfhíorú a dhéanamh ar fhógraí arna bhfoilsiú ag na húsáideoirí. Tugann sí faoi deara, áfach, de réir an bhreithiúnais in *L'Oréal agus páirtithe eile*,[10] nach bhféadfaidh oibreoir margaidh ar líne ach oibreoir nach bhfuil ról gníomhach aige maidir le cúnamh a sholáthar chun barrfheabhas a chur ar thairiscintí díola nó chun iad a chur chun cinn brath ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31. Thairis sin, i gcomhréir leis an mbreithiúnas sin,[11] ní fhéadfadh oibreoir margaidh ar líne brath ar an díolúine sin ó dhliteanas más rud é go raibh sé ar an eolas faoi fhíorais nó imthosca ar cheart, dá mbarr, go ndéanfadh oibreoir eacnamaíoch dícheallach cinneadh go raibh na tairiscintí díolacháin lena mbaineann aindleathach agus, i gcás ina raibh eolas den sórt sin aige, nár ghníomhaigh sé go pras. I ndáil leis sin, faoin mbreithiúnas in *Papasavvas*,[12] ní fhéadfadh cuideachta um fhoilsiú nuachtáin, a bhfuil suíomh gréasáin aige ar a bhfoilsítear an leagan leictreonach de nuachtán, brath ar an díolúine sin ó dhliteanas ach an oiread ós rud é go mbíonn sé ar an eolas faoin bhfaisnéis a fhoilsítear agus go bhfeidhmíonn sé smacht uirthi.

32. Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur nach dtagraítear, i gcásdlí na Cúirte, ach do thairiscintí ar líne ar eascair a neamhdhleathacht ó anailís ar fhíorais agus ar imthosca a cuireadh in iúl go sainráite don rialaitheoir tar éis fhoilsiú an fhógra atá i gceist. Os a choinne sin, ní raibh deis riamh ag an gCúirt chun scrúdú a dhéanamh ar chás amhail an cás atá i gceist anseo. Is éard atá sainiúil faoin gcás sna príomhimeachtaí ná go raibh ábhar an fhógra a d'fhoilsigh úsáideoir neamhaitheanta tráth a tugadh an t-ábhar os comhair na cúirte neamhdhleathach go follasach agus gur mór an dochar a rinneadh don duine lena mbaineann leis. Dá bhrí sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, níor ghá fógra a thabhairt don rialaitheoir chun an aindleathacht a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an bhfaisnéis a foilsíodh a thuiscint agus a anailísiú.

[10] Breithiúnas an 12 Iúil 2011 (C-324/09, 'an breithiúnas in *L'Oréal agus páirtithe eile*', EU:C:2011:474, mír 116).

[11] Féach an breithiúnas in *L'Oréal agus páirtithe eile* (mír 124).

[12] Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014 (C-291/13, EU:C:2014:2209, mír 46).

33. Ina theannta sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go ndearna go leor suíomhanna gréasáin eile an fógra atá i gceist a atáirgeadh ina iomláine, cé gur scriosadh é ó shuíomh gréasáin Russmedia, ar foilsíodh é ar dtús air, tar éis fógra a thabhairt don iarratasóir sna príomhimeachtaí, le sonraí agus grianghraif uile an iarratasóra sna príomhimeachtaí ann, agus an fhoinse shonraithe, gan aon bhearta cosanta maidir le sonraí pearsanta. Dá bhrí sin, tá an díobháil tar éis teacht chun bheith ina díobháil bhuan agus tá sí á déanamh fós faoi láthair.

34. Ina theannta sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhféadfadh baint a bheith ag na seirbhísí gnéis dá dtagraítear san fhógra atá i gceist, a líomhnaítear a bheith á gcur ar fáil ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí, le cionta tromchúiseacha, inphionóis leis an gCód Coiriúil, amhail soláthar chun críoch striapachais agus gáinneáil ar dhaoine.

35. Ar deireadh, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, ag féachaint do théarmaí agus coinníollacha úsáide a margaidh ar líne, nach ndealraíonn sé nach bhfuil Russmedia ach ina úsáideoir éighníomhach de na sonraí. Cé nach n-éilíonn an chuideachta sin ceart úinéireachta ar an ábhar a sholáthraítear nó a fhoilsítear, a uaslódáiltear nó a tharchuirtear, tá an ceart chun an t-ábhar a úsáid á choinneáil aici, lena n-áirítear cóipeáil, dáileadh, tarchur, foilsiú, macasamhlú, modhnú, aistriú, a shannadh do chomhpháirtithe agus é a bhaint ag am ar bith, fiú gan chúis bhailí chun é sin a dhéanamh.

36. Is sna himthosca sin a chinn an Curtea de Apel Cluj (Cúirt Achomhairc Cluj), le cinneadh an 15 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 3 Lúnasa 2023, bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An bhfuil feidhm ag Airteagail 12 go 14 de [Threoir 2000/31] freisin maidir le soláthraí seirbhíse faisnéise den chineál stórála-óstála a chuireann suíomh ar fáil d’úsáideoirí inar féidir fógraí saor in aisce nó fógraí íoctha a fhoilsiú agus a mhaíonn gur ról teicniúil amháin atá acu i bhfoilsiú fhógraí na n-úsáideoirí (an t-ardán a chur ar fáil), ach a thugann le fios, trí choinníollacha ginearálta úsáide an tsuímh, nach n-éilíonn sé ceart úinéireachta ar an ábhar a sholáthraítear nó a fhoilsítear, a uaslódáiltear nó a tharchuirtear, agus an ceart chun an t-ábhar a úsáid á choinneáil, lena n-áirítear cóipeáil, dáileadh, tarchur, foilsiú, macasamhlú, modhnú, aistriú, a shannadh do chomhpháirtithe agus é a bhaint ag am ar bith, fiú gan chúis a bheith ag teastáil chun é sin a dhéanamh?

2) An gceanglaítear, faoi léiriú Airteagail 2(4), 4(7) agus (11), 5(1)(f), 6(1)(a), 7, 24 agus 25 de [RGCS] agus Airteagal 15 de Threoir 2000/31/CE ar sholáthraí seirbhíse faisnéise de chineál stórála-óstála den sórt sin, arb é an rialaitheoir sonraí pearsanta é, a fhíorú roimh fhoilsiú fógráin an bhfuil céannacht idir an duine a fhoilsíonn an fógra agus úinéir na sonraí pearsanta dá dtagraíonn an fógra?

3) An gceanglaítear, faoi léiriú Airteagail 2(4), 4(7) agus (11), 5(1)(f), 6(1)(a), 7, 24 agus 25 de [RGCS] agus Airteagal 15 de Threoir 2000/31/CE ar sholáthraí seirbhíse faisnéise de chineál stórála-óstála den sórt sin, arb é an rialaitheoir sonraí pearsanta é, inneachar na bhfógraí a sheolann úsáideoirí a sheiceáil roimh ré, chun iad siúd a d’fhéadfadh a bheith aindleathach nó a d’fhéadfadh cur isteach ar shaol príobháideach agus teaghlaigh duine a eisiamh?

4) An gceanglaítear, faoi léiriú Airteagal 5(1)(b) agus (f), Airteagail 24 agus 25 [RGCS] agus Airteagal 15 de Threoir 2000/31/CE, ar sholáthraí seirbhíse faisnéise de chineál stórála-óstála den sórt sin, arb é rialaitheoir na sonraí pearsanta é, cosaintí a chur i bhfeidhm chun macasamhlú agus athdháileadh ábhar na bhfógraí a fhoilsítear a chosc nó a theorannú?’

37. Chuir Rialtas na Rómáine agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Rinneadh ionadaíocht ar son an iarratasóra sna príomhimeachtaí agus an Choimisiúin le linn éisteacht an 2 Iúil 2024.

III. Anailís

38. Leis an gcéad cheist, táthar ag iarraidh a fháil amach an féidir le Russmedia brath ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31, agus tá ceisteanna a dó, a trí, agus a ceathair beartaithe chun a shuíomh ar mhainnigh Russmedia a oibleagáidí faoi RGCS a chomhlíonadh

39. San am a caitheadh, shonraigh an Chúirt go bhfuil sé mar chuspóir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31, arb é is ábhar don chéad cheist, teorainn a chur leis na cásanna ina bhféadfaidh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena mbaineann, dliteanas soláthraithe idirmheánacha seirbhíse a thabhú.[13] Dar liom, i bhfianaise na héabhlóide atá tagtha ar dhlí an Aontais sa réimse sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag an díolúine ó dhliteanas arna leagan amach san fhoráil sin i gcás ina dtabhaíonn dliteanas soláthraí ar bhonn fhorálacha dhlí an Aontais agus i gcás ina dtabhaíonn sé ar bhonn na bhforálacha náisiúnta lena dtrasuítear iad.[14]

40. Tá sé tugtha le fios ag an gcúirt a rinne an tarchur, sa díospóid sna príomhimeachtaí, go bhféadfadh dliteanas Russmedia a thabhú mar gheall ar shárú ar RGCS.[15] Sna himthosca sin, d'fhéadfaí go ndealródh sé go mbeadh sé inmhianaithe *a priori* anailís a dhéanamh ar cheisteanna a haon go dtí a ceathair ar dtús, lena bhfuil an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach ar sháraigh Russmedia a oibleagáidí faoi RGCS. Ar mhaithe le soiléireacht na hanailíse, áfach, scrúdóidh mé na ceisteanna san ord ina gcuirtear iad. Dá bhrí sin, déanfaidh mé anailís ar dtús ar an bhfadhb a eascraíonn as an ordú tarchuir ó thaobh Threoir 2000/31 de agus ansin scrúdóidh mé an fhadhb sin ó thaobh RGCS de. Ar deireadh, sa chuid dheireanach den anailís a dhéanfaidh mé, scrúdóidh mé na hidirghníomhaíochtaí idir an Rialachán sin agus an Treoir sin.

41. Baineann na ceisteanna go léir a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú leis an gceist is bunúsaí maidir leis an ngaol idir forálacha Threoir 2000/31 agus forálacha RGCS. Scrúdóidh mé an cheist sin tar éis fhorálacha ábhartha an dá ghníomh sin de dhlí an Aontais a shainaithint, ós rud é go bhfuil na haicmithe dlíthiúla, de réir na gcatagóirí a leagtar síos iontu, i gcroílár na gceithre cheist a tharchuirtear chun réamhrialú.

A. Maidir leis an gcéad cheist

42. Lena céad cheist, tá an chúirt a rinne an tarchur ag iarraidh a fháil amach an gá léiriú a dhéanamh ar Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 sa chaoi go bhféadfadh soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise arb é atá i gceist léi margadh ar líne a chur ar fáil d'úsáideoirí inar féidir fógraí

[13] Féach breithiúnas an 23 Márta 2010, *Google France agus Google* (C-236/08 go C-238/08, EU:C:2010:159, mír 107).

[14] Féach, sa mhéid a bhaineann leis na forálacha lena dtrasuítear dlí an Aontais, Wilman, F., *The Responsibility of Online Intermediaries for Illegal User Content in the EU and the US*, Edward Elgar, Cheltenham-Northampton, 2020, lch. 18, mír 2.18. Féach freisin, sa mhéid a bhaineann le dlí an Aontais mar atá, aithris 17 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO 2022 L 277, lch. 1) agus ceartúchán (IO 2024 L 310, lch. 17) ('an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha').

[15] Dar leis an gcúirt chéadchéime, d'eascair aindleathach t an iompair a cuireadh i leith Russmedia as sárú ar RGCS. Ar an gcaoi chéanna, baineann an díospóireacht idir na páirtithe atá os comhair na cúirte dara céime agus na cúirte a rinne an tarchur leis an gceist an féidir brath ar Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 chun soláthróir a dhíolmhú ó dhliteanas i leith sárú ar an Rialachán sin. Féach mír 28 den Tuairim seo.

saor in aisce nó fógraí íoctha a fhoilsiú a bheith cumhdaithe leis an díolúine ó dhliteanas arna leagan amach san fhoráil sin, fiú i gcás ina gcuireann an soláthróir sin in iúl, trí choinníollacha ginearálta úsáide an mhargaidh ar líne, cé nach n-éilíonn sé ceart úinéireachta ar an ábhar a sholáthraítear nó a fhoilsítear, a uaslódáiltear nó a tharchuirtear, go bhfuil an ceart chun an t-ábhar a úsáid á choinneáil aige, lena n-áirítear cóipeáil, dáileadh, tarchur, foilsiú, macasamhlú, modhnú, aistriú, é a shannadh do chomhpháirtithe agus é a bhaint ag am ar bith, fiú gan chúis a bheith ag teastáil chun é sin a dhéanamh.

43. Mar sin, déanfaidh mé anailís ar an gceist sin, (cuid 1) atá beartaithe lena chinneadh, go bunúsach, an féidir Russmedia a aicmiú mar 'sholáthraí idirmheánach' atá in ann, *a priori*, teacht faoin díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31. Sa mhéid a dhealraítear go bhfuil amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur i dtaobh na ceiste, i bhfianaise chineál sonrach na díospóide sna príomhimeachtaí, an gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos don díolúine ó dhliteanas leis an bhforáil sin i gcás sonrach, sa chás seo, déanfaidh mé anailís ar an gceist sin freisin ar mhaithe le hiomláine (Cuid 2).

1. An coincheap 'soláthraí idirmheánach'

(a) Raon feidhme agus buntuiscint na ceiste

44. Feictear dom go bhfuil sé tábhachtach béim a leagan ar an mbuntuiscint atá mar bhonn leis an gcéad cheist agus ar a raon feidhme araon.

45. I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, mar atá luaite agam,[16] le hAirteagail 12, 13 agus 14 de Threoir 2000/31 déantar foráil le haghaidh eisceachtaí díolúine atá infheidhme nuair a bhaineann seirbhísí arna gcur ar fáil ag soláthraithe seirbhíse na sochaí faisnéise le, faoi seach, gníomhaíocht nach bhfuil i gceist léi ach iompar ('cainéal fórach'), cineál stórála a dtugtar 'taisceadh' air agus óstáil.

46. Cé go dtagraítear do na trí fhoráil sin sa chéad cheist, tá sé tugtha le fios ag an gcúirt a rinne an tarchur go gcuireann Russmedia seirbhís ar fáil inarb é óstáil faisnéise arna soláthar ag úsáideoirí atá i gceist léi. Thairis sin, is cosúil gurb ionann Airteagal 14 de Dhlí Uimh. 365/2002, ar pléadh a infheidhmeacht os comhair na n-údarás náisiúnta,[17] agus trasuí Airteagal 14 de Threoir 2000/31, a bhaineann le seirbhís óstála. Dá bhrí sin, measaim go mbaineann an chéad cheist leis an bhforáil sin de dhlí an Aontais agus gurb é hipitéis oibre na cúirte a rinne an tarchur gur seirbhís na sochaí faisnéise í an tseirbhís a sholáthraíonn Russmedia agus gurb é atá inti, i bprionsabal, faisnéis a sholáthraíonn úsáideoirí a margaidh ar líne a óstáil.

47. Ar an dara dul síos, sa mhéid a bhaineann le raon feidhme na chéad cheiste, tugtar le fios lena foclaíocht chúramach nach bhfuil rialú á thabhairt ag an gcúirt a rinne an tarchur ar an ról atá ag Russmedia i soláthar a sheirbhíse óstála. Is léir ón gceist sin gur ó na dearbhuithe a rinne Russmedia a tháinig an cinneadh nach bhfuil ach ról teicniúil ag an gcuideachta sin.[18] Cé gur cosúil nach bhfuil an ráiteas sin á cheistiú ag an gcúirt a rinne an tarchur, tabharfaidh mé aghaidh uirthi mar sin féin, ós rud é go bhfuil a substaint á díospóid go láidir ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí.[19]

[16] Féach mír 5 den Tuairim seo.

[17] Féach mír 29 den Tuairim seo.

[18] Dá bhrí sin, luaigh Russmedia gur ról teicniúil amháin atá aige i bhfoilsiú fhógraí na n-úsáideoirí (an t-ardán a chur ar fáil)'.

[19] Féach mír 29 den Tuairim seo.

48. Ar deireadh, agus ar an triú dul síos, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur ‘nach ndealraíonn sé nach bhfuil Russmedia ach ina úsáideoir éighníomhach ar na sonraí (soláthraí idirmheánach) toisc, cé nach n-éilíonn [an chuideachta sin] ceart úinéireachta ar an ábhar a sholáthraítear nó a fhoilsítear, a uaslódáiltear nó a tharchuirtear, go gcoinníonn sí, mar sin féin, an ceart chun an t-ábhar sin a úsáid’. Le foclaíocht na chéad cheiste léirítear an t-ábhar imní sin atá ag an gcúirt a rinne an tarchur. Tá an cheist sin beartaithe chun a fháil amach an bhféadfadh ‘soláthraí [...] a chuireann [margadh ar líne] ar fáil, ach a thugann le fios, i gcoinníollacha ginearálta úsáide an tsuímh, [go bhfuil] ceart chun an t-ábhar a úsáid á choinneáil [aige]’, teacht faoin díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

49. Maidir leis na tagairtí san ordú tarchuir don chineál díreach teicniúil nó éaghníomhaíoch a ghabhann le gníomhaíocht Russmedia, baineann siad le cásdlí na Cúirte Breithiúnais ar dá réir nach mbaineann an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 ach leis an gcás ina bhfuil iompar an tsoláthróra teoranta d’iompar ‘soláthróir idirmheánach’ de réir na brí atá beartaithe ag an reachtóir i Roinn 4 de Chaibidil II den Treoir sin. Is léir, i ndáil leis sin, ó aithris 42 den Treoir sin nach gcumhdaítear leis na díolúintí ó dhliteanas dá bhforáiltear sa Treoir sin ach cásanna ina bhfuil cineál *díreach teicniúil*, uathoibríoch, *éighníomhach*, ag gabháil le gníomhaíocht sholáthraí sheirbhísí na sochaí faisnéise, rud a fhágann nach bhfuil eolas ná smacht ag an soláthraí sin ar an bhfaisnéis a tharchuirtear nó a stóráiltear.[20] Is i bhfianaise an chásdlí sin a chaithfear an chéad cheist a scrúdú.

(b) An ról a ghlacann oibreoir margaidh ar líne

50. Cé nach gcuireann an chúirt a rinne an tarchur faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le feidhmiú mhargadh ar líne Russmedia, is cosúil go ndéanann Russmedia leagan amach fógraí a shainiú agus iad a fhoilsiú saor in aisce nó ar mhalairt táille ar a mhargadh ar líne, áit a ndéantar fógraí a ghrúpáil i gcatagóirí éagsúla arna roghnú ag úsáideoirí atá ina bhfógróirí agus ar féidir le húsáideoirí eile cuardach a dhéanamh trí inneall cuardaigh simplí a úsáid agus na torthaí a rangú. D’fhonn a bheith in ann fógra a fhoilsiú ar líne, ní mór d’fhógróir clárú le Russmedia. Ní dhéanfar a chéannacht a sheiceáil tráth a chláraithe ná tráth fhoilsiú an fhógrá. Is é sin an pictiúr ar fheidhmiú an mhargaidh ar líne sin a eascraíonn as an ordú tarchuir, ó bharúlacha i scríbhinn na bpáirtithe agus uathu siúd a cuireadh isteach ag an éisteacht agus ó mo chuid taighde féin. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé cruinneas na mbarúlacha sin a fhíorú sula ndéanfaidh sí a cinneadh sna príomhimeachtaí.

51. I gcás a bhaineann le hoibreoir margaidh ar líne, shonraigh an Chúirt, chun a fhíorú an féidir an t-oibreoir sin a dhíolmhú óna dhliteanas faoi Airteagal 14 de Threoir 2000/31, nach mór scrúdú a dhéanamh chun a fháil amach an ea nach bhfuil á dhéanamh aige ach soláthar *neodrach* dá sheirbhís trí mheán próiseáil nach bhfuil ann ach próiseáil theicniúil uathoibríoch, ar shonraí arna soláthar ag a chustaiméirí, nó an nglacann sé ról gníomhach lena bhfaigheadh sé eolas nó smacht ar na sonraí sin.[21]

[20] Féach breithiúnas an 23 Márta 2010, *Google France agus Google* (C-236/08 go C-238/08, EU:C:2010:159, míreanna 112 agus 113).

[21] Féach an breithiúnas in *L’Oréal agus páirtithe eile* (mír 113).

52. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt nach bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar an bhfíoras go ndéanann oibreoir margaidh ar líne tairiscintí chun díola a stóráil ar a fhreastalaí, go gcinneann sé téarmaí a sheirbhíse, go bhfaigheann sé cúiteamh as sin agus go dtugann sé faisnéis ghinearálta dá chustaiméirí, agus mar thoradh air sin amháin, go ndéanfaí na díolúintí ó dhliteanas dá bhforáiltear i dTreoir 2000/31 a bhaint de.[22]

53. Ina theannta sin, sa mhéid a bhaineann le ceann de na coinníollacha a gcuirtear an díolúine ó dhliteanas le haghaidh soláthraí idirmheánaigh faoina réir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31, a bheidh á phlé arís agam ar ball,[23] chinn an Chúirt, maidir leis an bhfíoras go ndéanann oibreoir ardáin um chomhroinnt ar líne ábhair arna n-uaslódáil chuig an ardán sin a innéacsú go huathoibríoch, go n-áirítear feidhm chuardaigh leis an ardán sin agus go moltar físeáin de réir próifílí nó roghanna úsáideora ann, nach leor an fíoras sin chun a shuíomh nach gcomhlíontar an coinníoll sin.[24] *A fortiori*, ní fhéadfaí, leis an imthoisc sin, an fhéidearthacht a bhaint d'oibreoir den sórt sin brath ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear san fhoráil sin. Ní thagann an cheist chun cinn an gcomhlíontar na coinníollacha lena rialaítear an díolúine ó dhliteanas, arna leagan síos in Airteagal 14(1)(a) agus (b) den Treoir sin, ach amháin más féidir an soláthraí lena mbaineann a aicmiú mar 'sholáthraí seirbhíse óstála a bhfuil ról neodrach aige' maidir leis an bhfaisnéis a stórálann sé a fhéadfaidh, *a priori*, brath ar an díolúine sin.

54. Dealraíonn sé mar sin, ar an gcéad amharc, go bhfuil ról neodrach ag Russmedia maidir leis an bhfaisnéis a stóráiltear arna iarraidh sin d'úsáideoirí atá ina bhfógróirí agus gur féidir leis brath ar an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31. Ní mór anois deireadh a chur le hamhras na cúirte a rinne an tarchur, a léirítear i bhfoclaíocht na chéad cheiste, lena bhféachtar, go bunúsach, lena chinneadh an iomchuí, agus infheidhmeacht na díolúine sin á scrúdú, príomhról a thabhairt do théarmaí agus coinníollacha úsáide margaidh ar líne nó do na gníomhaíochtaí a rinne a hoibreoir iarbhír.

(c) Ábharthacht na dtéarmaí agus na gcoinníollacha úsáide

55. Meabhraím duit, i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha úsáide a mhargaidh ar líne, cé nach n-éilíonn Russmedia ceart úinéireachta ar an ábhar sin, go gcoimeádann sé an ceart an t-ábhar a sholáthraítear nó a fhoilsítear, a uaslódáiltear nó a tharchuirtear, a úsáid, lena n-áirítear cóipeáil, dáileadh, tarchur, foilsiú, macasamhlú, modhnú, aistriú, é a shannadh do chomhpháirtithe agus é a bhaint ag am ar bith, fiú gan chúis a bheith ag teastáil chun é sin a dhéanamh.

56. Tugaim faoi deara ag an tús nach mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le damáiste a bhain don iarratasóir sna príomhimeachtaí trí idirghabháil Russmedia san fhógra lena mbaineann a bhí ar fáil ar a mhargadh ar líne. Ní hé atá i gceist sa chás seo, dá bhrí sin, an cás ina n-eascraíonn an díobháil as ábhar arna sholáthar ag úsáideoir margaidh ar líne atá modhnaithe nó cúblálaithe ag a oibreoir.

[22] Féach an breithiúnas in *L'Oréal agus páirtithe eile* (mír 115).

[23] Leis an bhforáil sin, go bunúsach, foráiltear nach bhféadadh soláthraí mar sin a bheith ar an eolas maidir leis an ngníomhaíocht nó leis an eolas aindleathach . Féach mír 68 den Tuairim seo.

[24] Féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *YouTube agus Cyando* (C-682/18 agus C-683/18, 'an breithiúnas in YouTube agus Cyando', EU:C:2021:503, mír 114).

57. Agus an méid sin cruthaithe, ní mór a thabhairt faoi deara, ag féachaint do théarmaí agus coinníollacha úsáide a mhargaidh ar líne, nach ndealraíonn sé go bhfuil aon oibleagáid ar Russmedia i leith úsáideoirí is fógróirí maidir le hullmhú nó cur i láthair ábhar na bhfógraí atá stóráilte arna iarraidh sin dóibh. Forchoimeádann an chuideachta sin an ceart, áfach, an fhaisnéis sin a úsáid, gan aon chúis a bheith aici fiú é sin a dhéanamh.

58. I ndáil leis sin, cé go bhféadfaí feidhmiú sheirbhís na sochaí faisnéise a chinneadh le téarmaí agus coinníollacha úsáide margaidh ar líne agus cé go bhféadfaí an ról atá ag a sholáthraí a thuiscint dá mbarr, ní féidir leis na socruithe conarthacha ar dá réir a fhéadfaidh an soláthraí sin gníomhaíocht a dhéanamh i ndáil leis an bhfaisnéis stóráilte, gan oibleagáid a bheith air é sin a dhéanamh, a bheith cinntitheach iontu féin agus freagra á thabhairt ar an gceist an bhfuil ról an tsoláthraí sin neodrach. Tarraingíonn an Chúirt, ina cásdlí, aird ar rannpháirtíocht iarbhír sholáthraí sheirbhís na sochaí faisnéise in ullmhú agus i gcur i láthair na faisnéise a sholáthraíonn úsáideoirí na seirbhíse. Os a choinne sin, agus infheidhmeacht na díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 á scrúdú, ní mór neamhaird a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a bhfuil soláthraí údaraithe iad a dhéanamh faoi théarmaí agus coinníollacha úsáide a ardáin, nach ndéanann sé sa chleachtas. I bhfocail eile, i gcomhthéacs an scrúdaithe sin, ní mór na bearta iarbhír a rinne soláthraí seirbhíse den sórt sin a chur san áireamh.

59. Go sonrach, chinn an Chúirt, i gcás ina bhfuil *cúnamh á thabhairt* ag oibreoir margaidh ar líne, agus inarb é an rud atá i gceist leis sin, *inter alia*, cur i láthair na dtairiscintí díola lena mbaineann a bharrfheabhsú nó na tairiscintí sin a chur chun cinn, nach mór a mheas nach raibh seasamh neodrach aige idir an custaiméir is díoltóir agus an té a d'fheadfadh a bheith ina cheannaitheoir, ach go raibh ról gníomhach aige sa chaoi go mbeadh eolas aige ar na sonraí a bhaineann leis na tairiscintí sin nó sa chaoi go mbeidís á rialú aige. [25] Ar an gcaoi chéanna, chinn an Chúirt, go bunúsach, nach féidir le cuideachta um fhoilsiú nuachtáin brath ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 sa mhéid a bhaineann le faisnéis *in eagrán leictreonach de leagan páipéir an nuachtáin arna fhoilsiú ag an gcuideachta sin*, ós rud é go bhfuil sí, i bprionsabal, ar an eolas faoin bhfaisnéis a fhoilsíonn sí agus go mbíonn sí á rialú aici. [26]

60. I mbeagán focal, sna sleachta ón gcásdlí atá díreach luaite agam, bhain modhanna feidhmithe margaidh ar líne le heolas agus rialú *ex ante* ar an bhfaisnéis arna stóráil. Os a choinne sin, sa chás seo, mar a thug an Coimisiún faoi deara ag an éisteacht, ní thugtar le fios go ndéanann Russmedia idirghabháil i gcruthú, i mbarrfheabhsú nó i gcur i láthair na bhfógraí, nó go mbíonn smacht aige ar a n-ábhar aonair sula bhfoilsítear iad. Maidir leis an rialú a d'fhéadfadh a bheith á fheidhmiú ag an gcuideachta sin faoi théarmaí agus coinníollacha úsáide a margaidh ar líne, níl ann ach rialú féideartha *ex post*. Dealraíonn sé, thairis sin, nach bhfuil Russmedia ar an eolas faoin bhfaisnéis arna stóráil sa chaoi go mbeadh údar á thabhairt chun an chuideachta sin a eisiamh ón díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

61. Thairis sin, mar a thug an Coimisiún faoi deara, níl téarmaí agus coinníollacha úsáide ardáin cosúil le téarmaí agus coinníollacha Russmedia neamhghnách i measc seirbhísí idirmheánacha. [27] Ba cheart a thabhairt faoi deara i ndáil leis sin go bhfuil sé mar chuid den ról tábhachtach atá ag

[25] An breithiúnas in *L'Oréal agus páirtithe eile* (mír 116).

[26] Breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2014, *Papasavvas* (C-291/13, EU:C:2014:2209, mír 45).

[27] Mar léiriú air sin, agus mar a thug an Coimisiún faoi deara ag an éisteacht, bhí foráil mar sin i dtéarmaí agus coinníollacha úsáide an ardáin um chomhroinnt físeán a bhí i gceist sa bhreithiúnas in *YouTube agus Cyando* (mír 30). Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl, ina bharúlacha i scríbhinn, nach ndealraíonn sé go bhfuil téarmaí agus coinníollacha úsáide an mhargaidh ar líne an-éagsúil ó na cinn a bhí ag oibreoir an ardáin lenar bhain an breithiúnas in *L'Oréal agus páirtithe eile*.

soláthraithe idirmheánacha sa chomhrac in aghaidh ábhar aindleathach ar líne go bhforchoimeádann siad an ceart chun úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a sholáthraíonn úsáideoirí a seirbhíse.

62. Chun na coinníollacha a chomhlíonadh ar dá réir a rialaítear an díolúine ó dhliteanas le haghaidh soláthraí idirmheánach, dá bhforáiltear le hAirteagal 14(1)(a) agus (b) de Threoir 2000/31, ní mór don soláthraí idirmheánach gníomhú de réir an ábhair sin agus é a bhaint nó a bhlocáil a luaithe a aimseofar ábhar aindleathach . Féadfaidh an soláthraí, *inter alia* chun a chruthú go bhfuil sé in ann gníomhaíocht mar sin a ghlacadh, an ceart an t-ábhar sin a scriosadh ag am ar bith a choinneáil.

63. Sna himthosca sin, maidir leis an bhfíoras go gcoimeádann Russmedia an ceart chun úsáid a bhaint as an ábhar a stóráiltear arna iarraidh sin d'úsáideoirí a sheirbhíse i dtéarmaí agus coinníollacha úsáid a mhargaidh ar líne, ní fhéadfadh an fíoras sin a bheith ina chúis chun an chuideachta sin a eisiamh ón díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

(d) Conclúid mheánach

64. I bhfianaise a bhfuil thuas, molaim an chéad cheist a fhreagairt amhail nach mór léiriú a dhéanamh ar Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 sa chaoi go bhféadfaidh soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise arb é atá i gceist léi margadh ar líne a chur ar fáil d'úsáideoirí inar féidir fógraí saor in aisce nó fógraí íoctha a fhoilsiú a bheith cumhdaithe leis an díolúine ó dhliteanas arna leagan amach san fhoráil sin, fiú i gcás ina gcuireann an soláthróir sin in iúl, trí choinníollacha ginearálta úsáide an mhargaidh ar líne, cé nach n-éilíonn an soláthraí sin ceart úinéireachta ar an ábhar a sholáthraítear nó a fhoilsítear, a uaslódáiltear nó a tharchuirtear, go bhfuil an ceart chun an t-ábhar a úsáid á choinneáil aige, lena n-áirítear cóipeáil, dáileadh, tarchur, foilsiú, macasamhlú, modhnú, aistriú, é a shannadh do chomhpháirtithe agus é a bhaint ag am ar bith, fiú gan chúis a bheith ag teastáil chun é sin a dhéanamh, ar an gcoinníoll nach nglacann an soláthraí sin bearta lena bhfágfaí nach mbeadh sé ina sholáthraí óstála neodrach.

65. Ar mhaithe le hiomláine, ní mór a fhíorú, i bhfianaise chineál sonrach na díospóide sna príomhimeachtaí, an gcomhlíontar na coinníollacha a bhfuil an díolúine sin faoina réir sa chás seo.

2. Na coinníollacha a bhfuil an díolúine ó dhliteanas le haghaidh soláthraí idirmheánach faoina réir

66. Leagtar béim san ordú tarchuir ar ghnéithe sainiúla an cháis seo, a bhaineann, dé réir cosúlachtaí, leis na coinníollacha a gcuirtear an díolúine ó dhliteanas i leith na faisnéise a stóráiltear faoina réir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31. Déanann an chúirt a rinne an tarchur aird na Cúirte a tharraingt ar an neamhdhleathacht fhollasach a bhaineann leis an bhfógra atá i gceist agus ar an gcaoi ina bhfuil sé an-díobhálach agus, chomh maith leis sin, ar infhaighteacht an fhógra sin ar go leor suíomhanna gréasáin eile a ghlac seilbh air.

(a) Aindleathacht fhollasach a ghabhann leis an bhfaisnéis arna hóstáil

(1) Ábhar a shainaithint atá aindleathach go follasach

67. Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, chun ligean do Russmedia an aindleathach t a d'fheadfadh a bheith ag gabháil leis an bhfaisnéis arna foilsiú a shainaithint agus chun anailís a dhéanamh uirthi, nár cheart go mbeadh gá ann fógra a thabhairt don chuideachta sin maidir leis an ábhar aindleathach . Dar leis an gcúirt sin, is follas go bhfuil inneachar an fhógra lena mbaineann neamhdhleathach agus an-díobhálach don iarratasóir sna príomhimeachtaí. Is cosúil, dá bhrí sin, go bhfuil sé mar bhuntuiscint don chúirt a rinne an tarchur, mar gheall ar an aindleathacht fhollasach sin, gur cheart go mbeadh Russmedia ar an eolas faoin bhfógra sin agus faoina ábhar neamhdhleathach. Dá bhrí sin, chun leas a bhaint as an díolúine ó dhliteanas, bheadh ar Russmedia — go pras agus gan fanacht le hiarraidh chuige sin — an fógra sin a bhaint nó rochtain air a dhíchumasú, i gcomhréir le hAirteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31.

68. Tá Airteagal 14(1)(a) de Threoir 2000/31 beartaithe chun an soláthraí seirbhíse óstála a dhíolmhú ó dhliteanas i leith na faisnéise a stóráiltear i gcás nach bhfuil sé ar an eolas faoin ngníomhaíocht aindleathach nó faoin bhfaisnéis aindleathach . I gcás ina ndéantar dliteanas soláthraí seirbhíse óstála a agairt i gcaingean le haghaidh damáistí, amhail sa chás seo, beidh feidhm ag coinníoll níos déine le haghaidh díolúine ó dhliteanas. I gcás den sórt sin, ní thiocfaidh an soláthróir faoin díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) den Treoir sin, más rud é go raibh sé ar an eolas faoi fhíorais nó imthosca ar cheart, ar a mbonn, go mbeadh cinneadh déanta ag oibreoir eacnamaíoch dícheallach lena ndearbhaíodh an aindleathacht lena mbaineann, agus nár ghníomhaigh sé i gcomhréir le hAirteagal 14(1)(b) den Treoir sin.[28] Mar a cheanglaítear le Treoir 2000/31 sin, ní mór go mba 'léir' cineál aindleathach na gníomhaíochta nó na faisnéise nó, i bhfocail eile, é a bheith inaitheanta go héasca.[29]

69. Mar sin féin, ní fhéadfaí an soláthróir a eisiamh ón díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 ach amháin más rud é go raibh sé ar an eolas faoi fhíorais nó imthosca ar cheart, ar a mbonn, go mbeadh cinneadh déanta ag oibreoir eacnamaíoch dícheallach lenar dearbhaíodh aindleathacht na fianaise lena mbaineann. Is cuma más caingean le haghaidh damáistí é, ní leor go mbeadh a fhios ag an soláthraí ar bhealach ginearálta go n-úsáidtear a sheirbhís freisin chun ábhar aindleathach a roinnt. Ní mór go mbeadh an soláthraí ar an eolas faoi na fíorais nó na himthosca a bhaineann le gníomhaíochtaí agus faisnéis aindleathach iarbhír.[30]

70. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(a) de Threoir 2000/31 i gcás, *ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dó*, ina dtugann nó nach dtugann an soláthraí faoi deara cineál aindleathach na sonraí arna stóráil nó ina míthuigeann sé dlíthiúlacht na sonraí sin. Cé nach mór measúnú maidir le aindleathacht faisnéise nó gníomhaíochta a bheith oibiachtúil, agus an critéar maidir le hoibreoir eacnamaíoch dícheallach á úsáid, i bprionsabal, *déantar measúnú ar eolas ar fhíorais lena léirítear an aindleathacht sin agus an fhaisnéis atá ar fáil iarbhír don soláthraí lena mbaineann á cur san áireamh*.

[28] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *L'Oréal agus páirtithe eile* (mír 122) agus *YouTube agus Cyando* (mír 115).

[29] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *YouTube agus Cyando* (mír 113).

[30] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *YouTube agus Cyando* (míreanna 111 agus 112).

71. Sna himthosca sin, ní fhéadfaí a *thoimhdiú* go mbeadh oibreoir margaidh ar líne ar an eolas faoi ábhar gach aon fhógra aindleathach agus díobhálach. Ina theannta sin, dá dtabharfaí isteach toimhde den sórt sin, chuirfí d'oibleagáid ar an oibreoir sin faireachán gníomhach a dhéanamh ar shonraí uile a úsáideoirí is fógróirí chun fógraí a shainaithint ar follas go bhfuil siad aindleathach agus díobhálach. Feictear dom gur deacair oibleagáid faireacháin den sórt sin a thabhairt chun réitigh le loighic Threoir 2000/31.

72. Bheadh oibleagáid faireacháin den sórt sin, arna tabhairt isteach 'trí dhoras chúl an tí', ar neamhréir le hAirteagal 15(1) de Threoir 2000/31, lena bhforáiltear nach bhféadfaidh na Ballstáit oibleagáid ghinearálta a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse óstála chun faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a stórálann siad ná oibleagáid ghinearálta fíorais nó imthosca a lorg go gníomhach lena nochtar gníomhaíochtaí aindleathacha. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí ceangal a chur ar sholáthraí seirbhíse óstála faireachán a dhéanamh, ar bhealach ginearálta, ar an bhfaisnéis a stórálann sé ar bhonn bearta náisiúnta.[31]

73. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a mheas nár comhlíonadh an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(a) de Threoir 2000/31 ar an bhforas gur follas go bhfuil fógra a fhoilsítear ar mhargadh ar líne aindleathach agus an-díobhálach don duine lena mbaineann an fógra sin. Ar mhaithe le hiomláine, déarfainn freisin nach ea nach gcumhdaítear, le Treoir 2000/31, an cás ina nglacann soláthraí seirbhíse óstála samhail ghnó nó eagraíochtúil lena spreagtar nó lena gcuirtear chun cinn scaipeadh ábhair aindleathaigh.

(2) Ardán a bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí aindleathacha

74. Ba cheart a thabhairt faoi deara go luaitear in aithris 44 de Threoir 2000/31, maidir le soláthraí seirbhíse a chomhoibríonn d'aon ghnó le duine d'fhaighteoirí a sheirbhíse chun dul i mbun gníomhaíochtaí aindleathach a, go bhfuil an soláthraí sin ag dul thar raon na ngníomhaíochtaí 'cainéal fórach' nó 'taisceadh', dá dtagraítear, faoi seach, in Airteagail 12 agus 13 den Treoir sin. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh an soláthraí sin teacht faoi na díolúintí ó dhliteanas dá bhforáiltear don chineál sin gníomhaíochta. Cé nach ndéantar tagairt san aithris sin don ghníomhaíocht óstála dá dtagraítear in Airteagal 14 den Treoir sin, níl aon chúis ann nár cheart feidhm a bheith ag an réasúnaíocht chéanna maidir leis an ngníomhaíocht sin. Chinn an Chúirt, sa bhreithiúnas in *YouTube agus Cyando*,[32] nach bhféadfaí oibreoir ardán ar líne a rannchuidíonn, lasmuigh den ardán a bheith á chur ar fáil aige, le rochtain phoiblí a thabhairt ar ábhar de shárú ar chóipcheart, a mheas mar sholáthraí neodrach seirbhíse óstála ar féidir teacht faoin díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

75. Sa bhreithiúnas úd, chun a chinneadh ar thug oibreoir rochtain den sórt sin don phobal, ba chosúil go raibh an Chúirt ag brath, go hindíreach, ar a hanailís ar an gcoincheap 'gníomh cumarsáide' de réir bhrí Threoir 2001/29/CE.[33] De réir na hanailíse sin, arna spreagadh ag a breithiúnas a bhain leis an ardán um chomhroinnt The Pirate Bay,[34] bíonn rochtain mar sin á soláthar ag oibreoir nuair a dhéanann sé idirghabháil i gcumarsáid aindleathach d'ábhair chosanta arna déanamh ag úsáideoirí a ardáin, agus láneolas aige ar iarmhairtí a iompair, chun rochtain a thabhairt d'úsáideoirí idirlín eile ar ábhar den sórt sin. Dar leis an gCúirt, chun a chinneadh an amhlaidh an cás, ní mór na tosca go léir a bhaineann leis an gcás atá i gceist a chur

[31] Féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2019, *Glawischnig-Piesczek* (C-18/18, EU:C:2019:821, mír 42).

[32] Mír 108 den bhreithiúnas seo.

[33] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe den chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise (IO 2001, L 167, lch. 10).

[34] Féach breithiúnas an 14 Meitheamh 2017, *Stichting Brein* (C-610/15, EU:C:2017:456, míreanna 36, 45 agus 48).

san áireamh, lena gceadaítear, go díreach nó go hindíreach, teacht ar chonclúidí maidir le cibé an ndéanann an t-oibreoir an idirghabháil i gcumarsáid aindleathach an ábhair sin d'aon ghnó nó nach ndéanann.

76. Dá ndéanfaí an cur chuige sin a chur i bhfeidhm in imthosca an cháis seo, chiallódh sé sin nach mbeadh stádas mar sholáthraí neodrach seirbhíse óstála de réir bhrí Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 ag oibreoir margaidh ar líne a ghlac samhail eacnamaíoch agus/nó eagraíochtúil lena spreagtar úsáideoirí a ardáin chun ábhar ar follas go bhfuil sé aindleathach agus an-díobhálach a scaipeadh nó lena gcuirtear chun cinn agus lena n-éascaítear scaipeadh neamhtheoranta neamhrialaithe ábhair mar sin. Ní thugtar le fios le haon rud, áfach, gur ghlac Russmedia samhail den sórt sin.

(3) Forbairt dhlí an Aontais maidir le modhnóireacht ar ábhar atá ar fáil ar líne

77. D'fhéadfaí a áitiú go bhféadfadh sé a bheith míshásúil nach gcuirtear oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse óstála,[35] i bprionsabal agus lasmuigh de choinníollacha eisceachtúla, chun ábhar atá aindleathach agus an-díobhálach go follasach a aithint le Treoir 2000/31, i bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le scaipeadh an ábhair sin i ndáil le cearta a n-úsáideoirí agus tríú páirtithe.

78. Mar sin féin, agus mar atá tugtha faoi deara agam i gcomhthéacs eile,[36] óna ré féin a tháinig Treoir 2000/31 agus bhí reachtóir an Aontais ag féachaint le bunchóras a bhunú lena gcosnófaí go sonrach saorghluaiseacht sheirbhísí na sochaí faisnéise. Dá bhrí sin, leis an Treoir sin forchuirtear oibleagáidí faisnéise ar aon soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise,[37]gan idirdhealú a bheith déanta idir na catagóirí éagsúla de sheirbhísí óstála. Tá an Treoir sin bunaithe ar an loighic ar dá réir nach mór do na Ballstáit, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos léi, oibleagáidí a thabhairt isteach ar gá do sholáthraithe atá bunaithe ar a gcríocha iad a chomhlíonadh. Go háirithe, tá lánrogha na mBallstát teoranta leis an toirmeasc ar oibleagáid faireacháin ghinearálta a fhorchur, a leagtar síos in Airteagal 15 den Treoir sin.

79. Rinneadh an bunchóras a tugadh isteach le Treoir 2000/31 a chomhlánú de réir a chéile le gníomhartha a bhain go sonrach lena n-earnáil lena gceanglaítear bearta iomchuí a ghlacadh chun catagóirí áirithe d'úsáideoirí d'ábhair shonracha a chosaint, amhail ábhar a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó ábhar a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí.[38]

80. Le déanaí, leasaigh reachtóir an Aontais, den chuid is mó, an dlí is infheidhme maidir le hardáin ar líne. Go deimhin, leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha déantar idirdhealú idir oibleagáidí na n-ardán de réir critéir áirithe agus rialaítear freisin, go pointe áirithe, an tsaincheist maidir le hábhar aindleathach a mhodhnú.[39] Ní bhaineann an cás seo leis na dlíthe nua sin, áfach,

[35] Féach mír 76 den Tuairim seo.

[36] Féach, chuige sin, mo Thuairim sa chás *Airbnb Ireland agus páirtithe eile* (C-662/22 go C-667/22, EU:C:2024:18, míreanna 4 go 5).

[37] Féach Airteagail 5 go 7 agus 10 de Threoir 2000/31.

[38] Féach, mar léiriú air sin, Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021, maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne (IO 2021 L 172, lch. 79) agus Airteagal 28(3) de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos leis an dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO 2010 L 95, lch. 1 agus ceartúchán IO 2010 L 263, lch. 15), arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 (IO 2018 L 303, lch. 69).

[39] Féach Airteagal 35(1)(c) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

agus níor cheart don Chúirt, i mo thuairimse, oibleagáid a thabhairt isteach trí athbhreithniú breithiúnach, ní hamháin nach bhforáiltear di le Treoir 2000/31 atá infheidhme maidir leis na fíorais sna príomhimeachtaí, ach atá contrártha le hAirteagal 15 de freisin.

(b) Athdháileadh ábhar na bhfógraí arna bhfoilsiú

81. Gné eile a dtarraingíonn an chúirt a rinne an tarchur aird na Cúirte uirthi is ea an fíoras, cé gur bhain Russmedia an fógra lena mbaineann óna mhargadh ar líne arna iarraidh sin don iarratasóir sna príomhimeachtaí, go bhfuil rochtain fós ar an bhfógra sin ar go leor suíomhanna gréasáin eile a ghlac seilbh air ó mhargadh ar líne Russmedia, agus an fhoinse á sonrú acu. Ní chuireann an chúirt a rinne an tarchur ceist dhíreach maidir leis an bhfíoras sin ó thaobh Threoir 2000/31 de. Os a choinne sin, déanann sí tagairt di i gcomhthéacs a ceathrú ceist, a bhaineann leis na bearta atá le déanamh faoi RGCS chun slándáil na próiseála ar shonraí pearsanta a áirithiú. Ag an éisteacht, áfach, mar fhreagra ar cheisteanna na Cúirte, phléigh na páirtithe an fíoras céanna i gcomhthéacs an choinníoll maidir le díolúine ó dhliteanas a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) den Treoir sin. I bhfianaise na mbreithnithe sin, agus chun freagra fónta a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, déanfaidh mé anailís ar an gceist an gcomhlíontar an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31 i gcás, tar éis dó teacht ar an eolas faoi fhíorais nó imthosca a fhágann gur féidir a shuíomh go héasca go bhfuil an fhaisnéis atá stóráilte aindleathach , go mbaineann an soláthraí seirbhíse óstála an fhaisnéis sin óna shuíomh gréasáin go pras, ach go bhfuil rochtain uirthi i gcónaí ar shuíomhanna gréasáin eile a ghlac seilbh uirthi ó shuíomh gréasáin an tsoláthraí sin.

82. I ndáil leis sin, ní shonraíonn an chúirt a rinne an tarchur an ndearna Russmedia an fógra lena mbaineann a athdháileadh ar oibreoirí suíomhanna gréasáin eile nó an ndearna siad é a chóipeáil gan Russmedia a bheith ar an eolas faoi. Pléadh an pointe sin ag an éisteacht. Chun freagra fónta a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, scrúdóidh mé an dá chás sin.

(1) An fógra conspóideach a bheith á glhacadh ag comhpháirtithe

83. Ag an éisteacht, thagair an Coimisiún don chás ina mbeadh Russmedia, i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha úsáide a mhargaidh ar líne, ag tarchur fógraí a foilsíodh ar a mhargadh ar líne chuig na comhpháirtithe a bhfuil nasc conarthach aige leo, atá liostaithe ar a shuíomh gréasáin agus, dá bhrí sin, a mbeadh fógróirí ar an eolas fúthu.

84. D'fhéadfaí a cheistiú, i gcás den sórt sin, an mbeadh óstáil neodrach ar an bhfaisnéis a stóráiltear arna iarraidh sin d'fhaighteoir a sheirbhíse i gceist leis an tseirbhís arna soláthar ag oibreoir margaidh ar líne. Ní féidir ligean i ndearmad nach bhfuil feidhm ag Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 ach amháin má sholáthraíonn an soláthraí seirbhís den sórt sin.

85. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara, i gcás ina ndéanann oibreoir margaidh ar líne faisnéis arna soláthar ag faighteoir a sheirbhíse a tharchur dá chomhpháirtithe, ar bhealach aonair agus/nó le cúnamh ó dhuine, ionas go bhféadfaidh siad í a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin eile, go bhfuil a ról cosúil le ról an té a chuireann an fhianaise sin chun cinn. I gcás den sórt sin, tá amhras orm an dtagann seirbhís an oibreora sin go hiomlán faoi raon feidhme Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31. Ar an taobh eile, i gcás ina nglacann oibreoirí ó shuíomhanna gréasáin eile an fhaisnéis atá stóráilte arna iarraidh sin d'úsáideoir agus gur ról teicniúil agus uathoibrithe amháin atá ag an oibreoir sin sa tarchur sin, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an fhoráil sin infheidhme go hiomlán ina leith.

86. É sin ráite, níl aon eilimintí fíorasacha san ordú tarchuir lenar féidir a chinneadh cé acu den dá chás sin a chomhfhreagraíonn don staid sna príomhimeachtaí. Níos tábhachtaí fós, ní gá aghaidh a thabhairt ar an gceist an gcomhlíontar an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31 ach amháin más féidir Russmedia a aicmiú mar 'sholáthraí seirbhíse óstála' de réir bhrí na forála sin. Dá bhrí sin, déanfaidh mé anailís ar an gcoinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) den Treoir sin agus é mar bhonn leis an anailís go bhfuil Russmedia ina sholáthraí seirbhíse óstála, de réir bhrí na forála sin, agus gur ghlac comhpháirtithe na cuideachta sin an fógra atá i gceist faoi na coinníollacha a luaigh an Coimisiún ag an éisteacht. [40]

87. I ndáil leis sin, ó thaobh an téacs de, foráiltear le hAirteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31, chun tairbhe a bhaint as an díolúine ó dhliteanas, nach mór don soláthraí seirbhíse óstála gníomhú go pras chun rochtain ar fhaisnéis aindleathach a bhaint nó a dhíchumasú. Dá bhrí sin, ní hea nach luaitear san fhoráil sin ach nach mór don soláthraí seirbhíse óstála rochtain ar fhaisnéis aindleathach a bhaint nó a bhlocáil. Roghnaigh an reachtóir foirmliú oscailte ar dá réir nach mór do sholáthraí seirbhíse, go bunúsach, deireadh a chur láithreach le gníomhaíocht aindleathach a dhéantar trína sheirbhís nó ar a sheirbhís.

88. Is fíor go bhféadfaí foclaíocht an choinníll sin a thuiscint mar ní a chiallaíonn nach raibh reachtóir an Aontais ag iarraidh torthaí nithiúla atá le baint amach a shocrú, ach go ndéanfaí iarrachtaí ina leith sin amháin. Mar sin féin, leis an bhfoclaíocht oscailte atá in Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31, fágtar go bhfuil saoirse áirithe ag soláthraí freisin ('rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint nó a dhíchumasú'), rud a ligeann dó beart iomchuí, comhréireach, éifeachtach a ghlacadh. Tá léamh mar sin ar an bhforáil sin ag teastáil i bhfianaise roinnt aithrisí sa bhrollach a ghabhann leis an Treoir sin.

89. In aithris 46 de Threoir 2000/31 sonraítear nach mór go mbeadh an fhianaise á baint i gcomhréir le 'nósanna imeachta arna mbunú chun na críche sin ar an leibhéal náisiúnta' agus 'nach ndéantar, leis an Treoir sin, difear don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit ceanglais shonracha a shainiú a bheadh le chomhlíonadh go pras sula ndéanfaí rochtain ar fhaisnéis a bhaint nó a dhíchumasú'. Mar sin féin, níl aon rud le tabhairt le fios gur bunaíodh nósanna imeachta agus ceanglais den sórt sin leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

90. In aon chás, in aithris 41 de Threoir 2000/31 luaitear go mbaintear cothromaíocht amach leis an Treoir sin idir na leasanna éagsúla atá i gceist agus go mbunaítear prionsabail leis a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn do chaighdeáin agus do chomhaontuithe arna nglacadh ag gnóthais. Go sonrach, maidir leis an gcoinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) den Treoir sin, luaitear in aithris 46 di nach mór don soláthraí rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint nó a dhíchumasú i gcomhréir le prionsabal na saoirse chun tuairimí a nochtadh. Shonraigh an Chúirt, i ndáil leis sin, gurb ionann an díolúine ó dhliteanas féin dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) den Treoir sin agus comhartha na cothromaíochta atá le bunú idir na leasanna éagsúla atá i gceist, lena n-áirítear urraim don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, a ráthaítear le hAirteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'). [41]

[40] Féach mír 83 den Tuairim seo.

[41] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *YouTube agus Cyando* (mír 113).

91. Tuigim uaidh sin, chun a mheas go gcomhlíontar an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31, nach mór go mbeadh an fhaisnéise aindleathach á baint i gcomhréir leis an réiteach is gá idir na ceanglais a bhaineann le cosaint na gceart agus na saoirsí éagsúla sin agus le cothromaíocht chóir eatarthu.

92. I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, amhail urraim don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a ráthaítear sa Chairt agus a luaitear in aithris 46 de Threoir 2000/31, ráthaítear urraim don saol príobháideach freisin leis an gCairt, in Airteagal 7 di. Ar an dara dul síos, i bhfianaise an ghá atá ann chun cothromaíocht a bhaint amach idir na leasanna atá i gceist, ní féidir an cuspóir maidir le clú agus onóir duine a chosaint go héifeachtach a shaothrú trí mheán oibleagáid iomarcach a fhorchuirtear ar an soláthraí seirbhíse óstála. [42]

93. Sna himthosca sin, chun a mheas go bhfuil an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31 comhlíonta i ndáil leis na cearta lena mbaineann, ba cheart do sholáthraí seirbhíse óstála a n-úsáidtear a sheirbhís chun an fhaisnéis a stórálann sé a athdháileadh ar a chomhpháirtithe conarthacha bearta réasúnacha a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfaidh a chomhpháirtithe an t-ábhar sin a bhaint nó a bhlocáil freisin, i gcás inarb iomchuí. Mar shampla, d'fhéadfaí clásal chuige sin a áireamh sna conarthaí arna dtabhairt i gcrích leis na comhpháirtithe sin.

(2) An fógra conspóideach a bheith á ghlacadh ag triú páirtithe

94. Ag an éisteacht rinneadh plé ní hamháin ar an gcás ina nglacann comhpháirtithe d'oibreoir margaidh ar líne seilbh ar fhógra, ach freisin ar an gcás ina nglacann tríú páirtithe fógra atá ar fáil don phobal, i ngan fios don oibreoir sin agus gan toiliú uaidh. Ba í an cheist a bhí á plé, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i mír 91 den Tuairim seo, an gá d'oibreoir margaidh ar líne bearta a ghlacadh i ndáil le tríú páirtithe chun an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31 a chomhlíonadh. Ní mór freagra diúltach a thabhairt ar an gceist sin.

95. Tá an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31 bunaithe ar an tuiscint nach mór do sholáthraí seirbhíse óstála gach beart is féidir leis a dhéanamh go pras chun deireadh a chur le gníomhaíocht aindleathach a dhéantar trína sheirbhís nó ar a sheirbhís. Os a choinne sin, ní féidir a bheith ag brath ar bhearta nach bhfuil neart orthu chun a shuíomh an gcomhlíontar an coinníoll sin.

96. Gan dochar do na ráitis bhreise atá díreach tugtha agam maidir leis na coinníollacha a bhfuil an díolúine ó dhliteanas le haghaidh soláthróir idirmheánach faoina réir faoi Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31, seasaim le mo thogra le haghaidh freagra ar an gcéad cheist, a cuireadh ar aghaidh i mír 64 den Tuairim seo.

B. Maidir le ceisteanna a dó, a trí, agus a ceathair

97. Le ceisteanna a dó, a trí, agus a ceathair uaithi, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá léiriú a dhéanamh ar Airteagal 5(1)(b) agus (f), Airteagal 6(1)(a) agus Airteagail 7, 24 agus 25 RGCS sa chaoi go gceanglaítear ar sholáthraí seirbhíse na sochaí faisnéise, arb é a ghníomhaíocht fógraí saor in aisce nó íoctha a óstáil ar shuíomh gréasáin arna

[42] Féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2019, *Glawischnig-Piesczek* (C-18/18, EU:C:2019:821, mír 44).

iarraidh sin dá úsáideoirí, céannacht an fhógróra (an dara ceist) agus ábhar na bhfógraí a fhoilsítear (an tríú ceist) a fhíorú roimh ré, agus bearta slándála a ghlacadh chun cóipeáil agus athdháileadh ábhar fógraí ina bhfuil sonraí pearsanta a chosc agus a theorannú (an ceathrú ceist).

98. Tagraítear sna ceisteanna sin d'Airteagal 2(4), Airteagal 4(7) agus (11) de RGCS agus d'Airteagal 15 de Threoir 2000/31 freisin. Mar sin féin, chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna sin, is leor léiriú a dhéanamh ar fhorálacha RGCS, dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, lena gcinntear oibleagáidí agus freagrachtaí gníomhaí a bhfuil baint aige le próiseáil sonraí pearsanta.

99. Thairis sin, chun na ceisteanna sin a fhreagairt, ní mór, mar réamhphointe, a chinneadh cén cháil ina bhfuil baint ag soláthraí den sórt sin le próiseáil sonraí pearsanta. I ndáil leis sin, is cosúil go bhfuil an dara ceist go dtí an ceathrú ceist bunaithe ar an tuiscint gur ghníomhaigh Russmedia mar 'rialaitheoir' de réir bhrí Airteagal 4(7) de RGCS. Sna ceisteanna sin, tagraítear don fhoráil sin agus tagraítear do 'sholáthraí [...] arb é an rialaitheoir sonraí pearsanta é'. Tá amhras orm féin, mar atá ar an gCoimisiún, maidir le haicmiú dlíthiúil den sórt sin. Dá réir sin, sa mhéid a dhéanfaí difear leis do na freagraí ar na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú, scrúdóidh mé aicmiú dlíthiúil oibreora margaidh de réir na gcatagóirí a leagtar síos in RGCS (Roinn 1) ar dtús agus fillfidh mé ansin ar an gceist maidir le hoibleagáidí agus freagrachtaí an oibreora sin (Roinn 2).

1. Maidir leis na haicmithe dlíthiúla

(a) Gníomhaithe i bpróiseáil sonraí pearsanta

100. In Airteagal 4(7) de RGCS déantar an coincheap 'rialaitheoir' a shainmhíniú mar théarma a chiallaíonn an duine a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta. Sa Rialachán sin luaitear gníomhaí eile atá bainteach leis an bpróiseáil ar shonraí pearsanta arb é an 'próiseálaí' é. Déantar an téarma sin a shainmhíniú, in Airteagal 4(8) den Rialachán sin, mar an duine a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora.

101. Is le cáiliú gníomhaí atá bainteach le próiseáil sonraí de réir na gcatagóirí a leagtar síos in RGCS a chinntear oibleagáidí agus freagrachtaí an ghníomhaí sin. Déantar na hoibleagáidí agus na freagrachtaí sin a shainmhíniú leis na forálacha dá dtagraítear i gceisteanna a dó, a trí agus a ceathair.

102. Ní mór go mbeadh aon phróiseáil ar shonraí pearsanta déanta i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí a leagtar síos in Airteagal 5(1) de RGCS agus leis na coinníollacha maidir le próiseáil dhleathach a leagtar amach in Airteagal 6 de RGCS. Is é an rialaitheoir atá freagrach as comhlíonadh na bprionsabal sin [43] agus, i gcás ina bhfuil próiseáil bunaithe ar thoiliú, ní mór dó a bheith in ann a thaispeáint gur thoiligh an t-ábhar sonraí le próiseáil na sonraí, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(1) den Rialachán sin. Ar an gcaoi chéanna, leagtar síos in Airteagail 24 agus 25 den Rialachán sin oibleagáidí ginearálta ar an rialaitheoir chun bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar an phróiseáil i gcomhréir leis an Rialachán sin.

[43] Féach Airteagal 5(2) de RGCS.

103. Ina theannta sin, is leis an gcáil atá ag gníomhaí atá bainteach leis na gníomhartha próiseála a chinntear raon a dhliteanais i leith sáruithe ar RGCS.

104. Dé réir na chéad habairte d'Airteagal 82(2) de RGCS, '[a]on rialaitheoir a bhfuil baint aige le próiseáil, beidh sé faoi dhliteanas i leith an damáiste a eascraíonn ó phróiseáil a sháraíonn an Rialachán [sin]'. Ní hamháin go bhfuil an rialaitheoir freagrach as aon phróiseáil ar shonraí pearsanta arna déanamh aige féin, ach chomh maith leis sin beidh sé freagrach as próiseáil a dhéantar ar a shon.[44] Contrártha leis sin, faoin dara habairt d'Airteagal 82(2) den Rialachán sin, '[n]í bheidh próiseálaí faoi dhliteanas i leith an damáiste a rinneadh de bharr próiseáil ach amháin i gcás nár chomhlíon sé oibleagáidí an Rialacháin [sin] atá dírithe go sonrach ar phróiseálaithe, nó i gcás inar ghníomhaigh sé lasmuigh de threoracha dleathacha an rialaitheora nó contrártha leo'.

(b) Críoch agus modhanna na próiseála

105. Chun a chinneadh an féidir eintiteas a bhfuil baint aige le próiseáil sonraí pearsanta a mheas mar rialaitheoir de réir bhrí Airteagal 4(7) RGCS, ní mór a scrúdú an raibh tionchar iarbhír ag an eintiteas sin, chun a chríocha féin, ar chinneadh *chríocha* agus *mhodhanna* na próiseála sin.

106. Baineann críoch na próiseála leis an gceist maidir le *cén fáth* a ndéantar na sonraí a phróiseáil.[45] I bprionsabal, bíonn sé á chinneadh ag an duine a thionscnaíonn an phróiseáil.

107. Níl múnla an choincheapa 'modhanna' chomh soiléir céanna agus ní mór é a shainiú i gcomhthéacs na struchtúr eacnamaíoch agus teicneolaíoch athraitheach ina ndéantar sonraí a phróiseáil. Ar an iomlán, má bhaineann críoch na próiseála leis an gcúis a ndéantar na sonraí a phróiseáil, baineann na modhanna le *conas* a bhainfear an cuspóir sin amach. Is éard atá i gceist leis na modhanna a chinneadh, go háirithe, cinneadh a dhéanamh maidir leis na sonraí a phróiseálfar,[46] cé a bheidh in ann rochtain a fháil orthu agus conas a dhéanfar na hoibríochtaí próiseála a fhoirceannadh agus,[47] sa mhéid a fhéadfaí go gcuirfí deireadh leo le cinneadh den sórt sin, fad na próiseála. Tá cinntí maidir leis na crua-earraí nó na huirlisí digiteacha nó na meáin dhigiteacha[48] lena ndéantar na sonraí a bhailiú, a chur i láthair nó a scaipeadh, mar chuid den chinnteoireacht faoi mhodhanna próiseála freisin.

108. Níl sé d'oibleagáid ar an rialaitheoir, áfach, na gnéithe teicniúla agus eagraíochtúla ar fad den phróiseáil a chinneadh. Ní hamháin go bhféadfadh cinneadh chun próiseáil sonraí a chur de chúram ar phróiseálaí a bheith mar thoradh ar fhonn ualach oibre an rialaitheora a tharmligean, ach d'fhéadfadh sé a bheith glactha toisc nach bhfuil an t-eolas teicniúil ná na modhanna is gá ag an rialaitheoir chun an phróiseáil a eagrú. Faigheann léiriú den sórt sin, atá ag teacht leis an réaltacht eacnamaíoch, tacaíocht ó fhorálacha RGCS.

44 Féach breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Nacionalinis visuomenės sveikatos centras* (C-683/21, EU:C:2023:949, mír 36).

45 Féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *État belge (Sonraí arna bpróiseáil in iris oifigiúil)* (C-231/22, EU:C:2024:7, mír 31).

46 Féach breithiúnais an 5 Meitheamh 2018, *Wirtschaftsakademie Schleswig-Holstein* (C-210/16, EU:C:2018:388, mír 37), agus an 5 Nollaig 2023, *Nacionalinis visuomenės sveikatos centras* (C-683/21, EU:C:2023:949, mír 32), lena dtugtar le tuiscint gur rialaitheoir an té a ghlacann ról gníomhach i gcinneadh a dhéanamh cén grúpa duine a ndéanfar próiseáil ar a sonraí agus cé na sonraí a ndéanfar próiseáil orthu.

47 Féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *État belge* (Sonraí arna bpróiseáil in iris oifigiúil) (C-231/22, EU:C:2024:7, mír 33), ina dtugtar le fios gurb ionann rogha na mbealaí cumarsáide trínar féidir le tríú páirtithe rochtain a fháil ar na sonraí agus na modhanna próiseála a chinneadh.

48 Féach, chuige sin, breithiúnais an 29 Iúil 2019, *Fashion ID* (C-40/17, EU:C:2019:629, mír 77), agus an 11 Eanáir 2024, *État belge (Sonraí arna bpróiseáil in iris oifigiúil)* (C-231/22, EU:C:2024:7, mír 33).

109. Cé nach mór, faoi Airteagal 28(3) de RGCS, go mbeadh críoch na próiseála sonraithe i gconradh nó i ngníomh dlí eile ar a bhonn a chuireann rialaitheoir na próiseála an phróiseáil de chúram ar phróiseálaí, ní gá go mbeadh freagra uileghabhálach á thabhairt le bunús dlí den sórt sin ar an gceist maidir le conas a phróiseálfar na sonraí. Níl le sonrú ann ach cuspóir agus fad na próiseála, cineál agus críoch na próiseála agus cineál na sonraí pearsanta agus catagóirí na n-ábhar sonraí a chinneadh. Dá bhrí sin, ar thaobh amháin, bíonn saincheisteanna íogaire atá bunúsach do dhlíthiúlacht na próiseála forchoimeádta don rialaitheoir. Ar an taobh eile, cé go ngníomhaíonn próiseálaí thar ceann rialaitheora agus go leanann sé treoracha an rialaitheora sin, féadfaidh sé bearta teicniúla agus eagraíochtúla na próiseála a chinneadh, nó fiú ní mór dó iad a chinneadh, gan an ról atá aige mar phróiseálaí a shárú. Is é sin le rá, chun stádas mar rialaitheoir a chur ar dhuine a bhfuil baint aige le próiseáil na sonraí, ní leor go bhfuil na *modhanna neamhriachtanacha* próiseála á gcinneadh aige.

110. Is ar bhonn na gcritéar a leagtar amach i míreanna 106 go 109 den Tuairim seo a bheidh ar an gcúirt a rinne an tarchur cinneadh a dhéanamh an féidir a mheas gur rialaitheoir é Russmedia. Chun treoracha maidir le léiriú ar dhlí an Aontais a sholáthar don chúirt náisiúnta a bheidh ina gcabhair di chun an díospóid atá os a comhair a réiteach, tabharfaidh mé aghaidh ar an tsaincheist sin.

(c) Oibreoir margaidh ar líne agus RGCS

111. Mar réamhphointe, tugaim faoi deara nach mór idirdhealú a dhéanamh idir próiseáil ar shonraí pearsanta atá i bhfógraí a fhoilsítear ar mhargadh ar líne agus próiseáil ar shonraí úsáideoirí atá ina bhfógróirí a chruthaíonn cuntas le hoibreoir an mhargaidh sin chun a bhfógraí a fhoilsiú. Is ionann cuntas den sórt sin a chruthú, agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis na sonraí a sholáthraíonn úsáideoir is fógróir, agus oibríochtaí próiseála a bhfuil an t-oibreoir sin freagrach astu faoi RGCS. Go bunúsach, cinneann an t-oibreoir cé na sonraí atá riachtanach chun cuntas a chruthú agus, nuair a chuirtear an nós imeachta sin ar bun chun úsáideoirí atá ina bhfógróirí a chlárú, cinneann sé cuspóir a bpróiseála.

112. San ordú tarchuir, ardaítear an cheist an bhfeidhmíonn oibreoir margaidh ar líne tionchar freisin, chun a chríocha féin, ar chinneadh maidir le cuspóirí agus modhanna próiseála sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith i bhfógraí arna bhfoilsiú ar a mhargadh ar líne.

113. I ndáil leis sin, maidir le *críoch próiseála sonraí* i bhfógra a phostáiltear ar líne, is iondúil go bhfuil foilsiú fógra ar mhargadh ar líne beartaithe chun an táirge nó an tseirbhís a thairgeann fógróir a chur chun cinn don phobal. Dá bhrí sin, is é an t-úsáideoir is fógróir lena mbaineann a chinneann an chríoch sin. Os a choinne sin, is cosúil nach bhfuil tionchar ag oibreoir an mhargaidh ar líne sin, chun a chríocha féin, ar an gcúis a bhfoilsítear na fógraí sin. Is léiriú foirfe é an cás reatha ar an tsainiúlacht sin a bhaineann le feidhmiú margaidh ar líne. Ní hea gur cuireadh an fógra atá i gceist ar líne chun seirbhís an fhógróra a chur chun cinn, ach chun díobháil a dhéanamh don iarratasóir sna príomhimeachtaí. Ní raibh tionchar ag an oibreoir ar an ábhar bocht a spreag údar an fhógra seo.

114. Maidir leis an *modh próiseála* a chinneadh, is é an t-úsáideoir is fógróir a imríonn tionchar ar fhreagra na ceiste faoin gcaoi a bpróiseáiltear na sonraí. Go deimhin, is é an t-úsáideoir is fógróir a chinneann an mbeidh sonraí san fhógra agus, má bheidh, cé na sonraí a bheidh ann. Contrártha leis sin, tá sé thar a bheith dóchúil nach bhfuil oibreoir margaidh ar líne ar an eolas fiú go bhfuil sonraí pearsanta i bhfógra. Ina theannta sin, cé gur fíor go gcinneann an t-oibreoir sin leagan amach na bhfógraí agus gnéithe teicniúla agus eagraíochtúla eile d'fheidhmiú an mhargaidh ar líne

sin, tugaim faoi deara, i bhfianaise na mbarúlacha a chuir mé in iúl i mír 109 den Tuairim seo, nach bhfágann an fíoras go bhfuil tionchar ag an oibreoir sin ar chinneadh na modhanna neamhriachtanacha próiseála nach mór é a mheas mar rialaitheoir.

115. Dá bhrí sin, is cosúil nach bhfuil tionchar ag oibreoir margaidh ar líne, amhail Russmedia, chun a chríocha féin, ar chinneadh chuspóir agus mhodhanna próiseála sonraí pearsanta atá i bhfógraí a d'fhéadfadh a bheith postáilte ar an margadh ar líne sin. Má tá baint ag an oibreoir sin le próiseáil na sonraí sin, gníomhóidh sé mar phróiseálaí, thar ceann fógróir agus faoina fhreagracht féin. Sna himthosca sin, ní mór úsáideoirí seirbhíse óstála a aicmiú mar 'rialaitheoirí' de réir bhrí RGCS. [49]

116. I bhfianaise chineál sonrach an cháis seo, ní mór roinnt sonraí breise a sholáthar maidir leis na breithnithe atá díreach tughta agam.

117. Ar an gcéad dul síos, is cuma an féidir, faoi RGCS, ábhar sonraí a mheas mar rialaitheoir a shonraí pearsanta féin, [50] ní mór a thabhairt faoi deara, sa chás seo, nach raibh baint ag an duine a d'uaslódáil an fógra atá i gceist leis na sonraí a bhí san fhógra sin.

118. Ar an dara dul síos, faoi théarmaí agus coinníollacha úsáide a mhargaidh ar líne, forchoimeádann Russmedia an ceart an fhaisnéis atá stóráilte a úsáid arna iarraidh sin d'úsáideoirí atá ina bhfógróirí. Tá sé in ann iad a chóipeáil, a dháileadh, a tharchur, a fhoilsiú, a mhacasamhlú, a mhodhnú, a aistriú, a shannadh do chomhpháirtithe agus a bhaint ag am ar bith, fiú gan chúis a bheith ag teastáil chun é sin a dhéanamh. A luaithe a dhéantar beart den sórt sin i ndáil leis na sonraí atá i bhfógra, féadfar an chuideachta sin a mheas mar rialaitheoir i ndáil le hoibríocht phróiseála ar leith, agus na hoibleagáidí agus na freagrachtaí go léir a eascraíonn as sin aici. Féadfaidh duine a bheith freagrach as oibríochtaí próiseála a gcinneann sé nó sí na críocha agus na modhanna ina leith. Os a choinne sin, agus gan dochar d'aon dliteanas sibhialta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta i ndáil leis sin, ní féidir a mheas go bhfuil an duine sin faoi dhliteanas, de réir bhrí RGCS, i leith oibríochtaí an tslabhra próiseála roimhe sin nó ina dhiaidh sin, nach gcinneann an duine sin na críocha nó na modhanna a bhaineann leo. [51]

119. Ar an triú dul síos, freagraíonn na breithnithe atá díreach curtha le chéile agam do sheasamh mheitheal 'Airteagal 29', [52] i mbarúil 1/2010 uaithi maidir leis na coincheapa 'rialaitheoir' agus 'próiseálaí' dar dáta an 16 Feabhra 2010. [53] Dar leis an meitheal sin, tá soláthraí rochtain ar an idirlíon a thairgeann seirbhísí stórála, i bprionsabal, ina phróiseálaí ar shonraí pearsanta a fhoilsíonn a chustaiméirí ar líne, a úsáideann an soláthraí sin chun a shuíomh gréasáin a óstáil agus a chothabháil. Ar an taobh eile, má phróiseálann soláthraí den sórt sin na sonraí a stórálann sé chun críocha pearsanta, bíonn sé ina rialaitheoir i ndáil leis na hoibríochtaí próiseála atá i gceist. Thairis sin, comhfhreagraíonn an seasamh sin freisin do sheasamh an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí i dTreoirlínte 07/2020 uaidh maidir le coincheapa an rialaitheora agus an

[49] Féach, chuige sin, van der Sloot, B., 'Welcome to the Jungle : The Liability of Internet Intermediaries for Privacy Violations in Europe', *Jipitec*, Iml. 6 Uimh. 3, 2015, lch. 217.

[50] Féach, i ndáil leis an tsaincheist sin, Helberger, N, agus van Hoboken, J. 'Little Brother is Tagging You – Legal and Policy Implications of Amateur Data Controllers', *Computer Law International* (CRi), Uimh. 4, 2010, Iml.4, lch. 101 *et seq.*, agus Finck, M., 'Cobwebs of Control : The Two Imaginations of the Data Controller in EU Law', *International Data Privacy Law*, Iml. 11, Uimh. 4, 2021, lgh. 338 go 341.

[51] Féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Fashion ID* (C-40/17, EU:C:2019:629, mír 74).

[52] Ar theacht i bhfeidhm do RGCS, cuireadh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí in ionad na meithle seo, (féach Airteagal 68 agus Airteagal 94(2) den Rialachán sin).

[53] Atá le fáil ar an suíomh idirlín seo: https://ec.europa.eu/justice/article-29/documentation/opinion-recommendation/files/2010/wp169_fr.pdf, lch. 27.

phróiseálaí in RGCS, a glacadh an 7 Iúil 2021,[54] faoinar rialaitheoir é soláthraí seirbhíse óstála nach gcinneann an sonraí pearsanta iad na sonraí a óstálann sé agus nach ndéanann aon phróiseáil seachas stóráil thar ceann a chustaiméara.

120. Dá bhrí sin, faoi réir na bhfíoruithe fíorasacha atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, ba cheart don Chúirt, i mo thuairimse, aird na cúirte sin a tharraingt ar an gceist an iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar aicmiú Russmedia. Amhail an Coimisiún, táim den tuairim nach bhfuil ról an rialaitheora ag an gcuideachta sin ach ról an phróiseálaí maidir leis na hoibríochtaí próiseála a eascraíonn as foilsiú an fhógra atá i gceist. Is ar an mbonn sin a dhéanfaidh ceisteanna a dó go dtí a ceathair a scrúdú anois.

2. Oibleagáidí agus freagrachtaí oibreora margaidh ar líne

(a) An cás ina meastar oibreoir margaidh ar líne a bheith ina rialaitheoir i ndáil le próiseáil sonraí atá i bhfógraí

121. I gcomhthéacs na n-oibleagáidí agus na bhfreagrachtaí atá ar oibreoir margaidh ar líne faoi RGCS, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir, ar thaobh amháin, próiseáil sonraí pearsanta atá i bhfógraí a fhoilsítear ar an margadh sin agus, ar an taobh eile, próiseáil sonraí d'úsáideoirí atá ina bhfógróirí a chruthaíonn cuntas leis an oibreoir sin.

(1) Próiseáil sonraí sna fógraí

122. Más rud é, maidir le próiseáil na sonraí pearsanta atá sna fógraí, gur próiseálaí é Russmedia go deimhin, ní faoi Russmedia a bhí sé a fhíorú an raibh an phróiseáil údaraithe agus dleathach. Mar atá curtha in iúl agam,[55] faoi na forálacha dá dtagraítear sa dara ceist, is é an rialaitheoir a ghlacann freagracht as na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, faoi na forálacha dá dtagraítear sa tríú ceist, ní cheanglaítear ach oiread ar an bpróiseálaí ábhar na faisnéise lena mbaineann na hoibríochtaí próiseála a fhíorú roimh ré.

123. Maidir leis an gceathrú ceist, tá sé beartaithe lena fháil amach ar cheart do Russmedia bearta slándála a chur chun feidhme chun cóipeáil nó athdháileadh ábhar fógraí ina bhfuil sonraí pearsanta a chosc agus a theorannú. Baineann an cheist sin le léiriú ar Airteagal 5(1)(b) agus (f) agus Airteagail 24 agus 25 de RGCS. Baineann na forálacha sin freisin leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ní ar an bpróiseálaí ach ar an rialaitheoir.

124. É sin ráite, sonraítear in Airteagal 32 de RGCS oibleagáidí an rialaitheora agus oibleagáidí aon phróiseálaí a d'fheadfadh a bheith ann maidir le slándáil na próiseála sin.[56]

125. Go sonrach, in Airteagal 32(1) de RGCS foráiltear go gcuirfidh an próiseálaí agus an rialatheoir chun feidhme bearta teicniúla agus eagraíochtúla mar is cuí chun leibhéal slándála a áirithiú is iomchuí don riosca a ghabhann leis an bpróiseáil sin, agus an úrscothacht, na costais a bhaineann leis an gcur chun feidhme, ach cineál, comhthéacs, raon feidhme agus cuspóirí na próiseála á gcur san áireamh chomh maith, mar aon leis na rioscaí. Ar an gcaoi chéanna, le

[54] Atá le fáil ag an seoladh seo: https://www.edpb.europa.eu/system/files/2023-10/edpb_guidelines_202007_controllerprocessor_final_fr.pdf (europa.eu), mír 40.

[55] Féach mír 102 den Tuairim seo.

[56] Féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Eanáir 2024, *MediaMarktSaturn* (C-687/21, EU:C:2024:72).

hAirteagal 32(2) den Rialachán sin foráiltear, agus measúnú á dhéanamh ar leibhéal iomchuí slándála, go dtabharfar aird go háirithe ar na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil, go háirithe scrios, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó aindleathach .

126. Sa mhéid a bhaineann Airteagal 32(2) de RGCS le hoibleagáidí próiseálaí, leis an bhforáil sin, glactar leis go bhfuil próiseáil sonraí faoi threoir an rialaitheora údaraithe agus dleathach. Ní fhéadfaí a cheangal ar phróiseálaí rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an rialaitheora a ndéanann sé sonraí a phróiseáil thar a cheann. Seachas sin, ní mór dó bearta a ghlacadh chun slándáil na próiseála ar shonraí pearsanta a áirithiú ó thriú páirtithe ag cur isteach uirthi. Déantar léiriú sonrach in Airteagal 32(1) den Rialachán sin, go bunúsach, ar phrionsabail na sláine agus na rúndachta a leagtar amach in Airteagal 5(1)(f) de.[57] I gcomhréir leis na prionsabail sin, ní mór don rialaitheoir sonraí a phróiseáil nó ní mór na sonraí a phróiseáil thar a cheann ar bhealach lena n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí sin, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó aindleathach agus ar chaillteanas.

127. Má fhéadfaidh sé go mbeadh fógraí a phostáiltear ar mhargadh ar líne glactha ag úsáideoirí suíomhanna gréasáin eile, i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha úsáide an mhargaidh sin, atá liostaithe ar an margadh sin agus, dá bhrí sin, atá ar eolas ag úsáideoirí is fógróirí roimh ré, ba cheart don phróiseálaí bearta a chur chun feidhme lena gcuirfear ar a chumas chun bheith ag baint na bhfógraí arna scriosadh dá ardán féin. Go deimhin, d'fhéadfaí nach bhfuil an phróiseáil dleathach, nó nach bhfuil sí dleathach a thuilleadh, agus ba cheart go mbeadh an t-ardán trína ndéantar fógra a athdháileadh in ann deireadh a chur le sárú ar RGCS dá chomhpháirtithe freisin. Tá toradh den sórt sin comhsheasmhach leis an toradh a bhaineann le comhlíonadh an choinníll a leagtar síos in Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2000/31 ag soláthraí seirbhíse óstála.[58]

128. Ar an taobh eile, contrártha leis an méid a shamhlaíonn an chúirt a rinne an tarchur sa cheathrú ceist, ní fheictear dom gur cheart ceangal a chur ar phróiseálaí chun cosc nó teorainn a chur le cóipeáil nó le hathdháileadh fógraí ina bhfuil sonraí pearsanta. Ní faoin bpróiseálaí atá sé a chinneadh cé atá in ann agus cén chaoi a bhfuil siad in ann rochtain a fháil orthu.

(2) Próiseáil sonraí d'úsáideoirí atá ina bhfógróirí

129. Tá oibleagáidí agus freagrachtaí an oibreora margaidh ar líne níos troime i ndáil le próiseáil sonraí úsáideoirí ar fógróirí iad a chruthaíonn cuntas leis an oibreoir sin. I gcomhthéacs na hoibríochta próiseála sin, is é an t-oibreoir an rialaitheoir agus tá Airteagail 24 agus 25 de RGCS infheidhme go hiomlán maidir leis.[59]

130. In Airteagal 24 de RGCS cuirtear oibleagáid ghinearálta ar an rialaitheoir chun bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfar próiseáil sonraí i gcomhréir leis an Rialachán sin. Le hAirteagal 25 den Rialachán sin ceanglaítear ar an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, ag an am a chinntear na modhanna próiseála agus tráth na próiseála féin, arb é is aidhm dóibh na

[57] Féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Krankenversicherung Nordrhein* (C-667/21, EU:C:2023:1022, mír 68).

[58] Féach mír 93 den Tuairim seo.

[59] Féach mír 111 den Tuairim seo.

prionsabail maidir le cosaint sonraí a chur chun feidhme go héifeachtach agus na coimircí is gá a chur ar fáil chun ceanglais an Rialacháin sin a chomhlíonadh agus chun cearta an ábhair sonraí a chosaint.

131. Mar is léir ó Airteagail 24 agus 25 de RGCS, ní mór go mbeadh na bearta atá i gceist ag freagairt do na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs ina ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil. Is fíor nach mór sainaithint rioscaí sonracha agus cinneadh na modhanna iomchuí a fhágáil faoin gcúirt a rinne an tarchur, a bhfuil na fíricí go léir aici a bhaineann leis na critéir ábhartha go léir i bhfianaise na bhforálacha sin, ach mar sin féin ba mhaith liom na soiléirithe seo a leanas a chur isteach.

132. Mar a luaitear in aithris 75 de RGCS, d'fhéadfadh rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha a bheith i gceist le próiseáil sonraí, go háirithe i gcás ina bhféadfaí go mbeadh calaois aitheantais mar thoradh uirthi agus ina bhféadfaí go gcoiscfí ábhair sonraí ó rialú a dhéanamh ar fheidhmiú a gcuid sonraí pearsanta. Go ginearálta, déantar calaois aitheantais chun gníomhaíochtaí calaoiseacha a dhéanamh, chun dochar an duine lena mbaineann nó chun dochar tríú páirtithe. Thairis sin, maidir le hardáin ar líne, d'fhéadfadh sárú ar chearta daoine nádúrtha a bheith mar thoradh ar a úsáid mhífhreagrach díobh agus, maidir leis an duine atá freagrach as an sárú sin, téann na rioscaí sin in olcas nuair is féidir leis gníomhú agus é saor go hiomlán ó phionós.

133. Dá bhrí sin, má bhainistíonn an rialaitheoir margadh ar líne a bhfuil rochtain air ag úsáideoirí atá ina bhfógróirí a d'fhéadfadh, agus an margadh sin á úsáid acu, mí-úsáid a bhaint as céannacht duine eile chun críoch calaoiseach, ní mór dó bearta a chur chun feidhme chun an riosca sin a laghdú. Mar a cheanglaítear le hAirteagal 25 RGCS, chun ceanglais an Rialacháin sin a chomhlíonadh agus chun cearta an ábhair sonraí a chosaint, ní mór don rialaitheoir an riosca sin a chur san áireamh agus an modh próiseála á chinneadh agus tráth na próiseála féin.

134. Sna himthosca sin, ní mór d'oibreoir margaidh ar líne, i mo thuairimse, foráil a dhéanamh le haghaidh bearta teicniúla nó eagraíochtúla lena gcuirtear ar a chumas céannacht fógróirí a fhíorú. Leis an bhfíorú sin, ar an gcéad dul síos, chuirfí teorainn leis an mbaol go ndéanfaí próiseáil aindleathach nó éagórach ar shonraí pearsanta i ndáil leis an ábhar sonraí agus, ar an dara dul síos, d'fhéadfaí úsáid mhífhreagrach an mhargaidh ar líne sin a chomhrac, ós rud é go gcuirfeadh sé amhras ar an gcaoi a mbraithfeadh úsáideoirí anaithnide go bhfuil siad saor ó phionós.

135. Ba chóir dom a chur in iúl nach bhfágann prionsabal úsáid anaithnid an idirlín nach féidir céannacht na bhfógróirí a fhíorú. Ní hea go bhféadfadh gach aon úsáideoir d'ardán rochtain a fháil ar shonraí úsáideora is fógróir. Is é an rialaitheoir amháin a fhéadfaidh iad a fhíorú agus a choinneáil, ionas go bhféadfaidh an rialaitheoir a oibleagáidí faoi RGCS a chomhlíonadh. Mar fhíorú, féadfaidh an t-oibreoir a cheangal go gcuirfear uimhir theileafóin in iúl agus go n-úsáidfear í chun an clárú a dheimhniú. Níl réiteach den sórt sin neamhghnách d'ardáin ar líne.

136. Is fíor, le beart mar sin, nach féidir gach riosca de chalaois aitheantas a scriosadh. Mar sin féin, le RGCS ceanglaítear ar an rialaitheoir bearta teicniúla agus eagraíochtúla a ghlacadh atá beartaithe, sa mhéid is féidir, chun aon sárú ar shonraí pearsanta a sheachaint.[60] Mar sin, ní hoibleagáid i dtéarmaí modhanna í, ach oibleagáid i dtéarmaí torthaí. In aon chaoi, tá sé tugtha le

[60] Féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Nollaig 2023, *Natsionalna agentsia za prihodite* (C-340/21, EU:C:2023:986, mír 30).

tuiscint ag an gcúirt a rinne an tarchur nár ghlac Russmedia beart ar bith faoinar féidir fíorú a dhéanamh ar chéannacht údar an fhógra chonspóidigh tráth a thaifeadtar nó a fhoilsítear an fógra sin.

137. Sna himthosca sin, molaim freagra a thabhairt ar cheisteanna a dó, a trí, agus a ceathair amhail nach mór léiriú a dhéanamh ar Airteagal 5(1)(f), Airteagal 6(1)(a), agus Airteagail 7, 24 agus 25 de RGCS sa chaoi go mbíonn soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise arb é a ghníomhaíocht fógraí saor in aisce nó íoctha a óstáil ar shuíomh gréasáin arna iarraidh sin dá úsáideoirí ag gníomhú i gcáil próiseála sa mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta i bhfógraí arna bpostáil ar a mhargadh ar líne. Sa chomhthéacs sin, ní cheanglaítear air ábhar na bhfógraí a fhoilsítear a fhíorú ná bearta slándála a chur i bhfeidhm amhail cosc nó teorainn a chur le cóipeáil agus athdháileadh ábhar na bhfógraí a fhoilsítear tríd. Mar sin féin, ní mór dó bearta eagraíochtúla agus teicniúla iomchuí a chur chun feidhme chun slándáil na próiseála i leith tríú páirtithe a áirithiú. Contrártha leis sin, gníomhaíonn soláthraí den sórt sin mar rialaitheoir maidir le sonraí pearsanta úsáideoirí ar fógróirí iad atá cláraithe ar a shuíomh gréasáin. Sa chomhthéacs sin, ceanglaítear air céannacht na n-úsáideoirí sin, ar fógróirí iad, a fhíorú.

138. Scrúdóidh mé go hachomair anois, ar mhaithe le hiomláine agus i gcás nach n-aontaíonn an Chúirt le m'anailís, oibleagáidí agus freagrachtaí oibreora margaidh ar líne a mheastar a bheith ina rialaitheoir, de réir bhrí Airteagal 4(7) RGCS, maidir leis na sonraí pearsanta atá i bhfógraí a phostáiltear ar a mhargadh ar líne. Mar a luaigh mé cheana,[61] is cosúil go bhfuil ceisteanna a dó, a trí, agus a ceathair bunaithe ar an tuiscint go ngníomhaíonn Russmedia mar 'rialaitheoir'.

(b) An cás ina meastar oibreoir margaidh ar líne a bheith ina rialaitheoir ar shonraí i bhfógraí

139. Mar réamhphointe, tugaim faoi deara, más rud é gur rialaitheoir é oibreoir margaidh ar líne, nach gá go gciallódh sé sin nach féidir a mheas gur rialaitheoir an t-úsáideoir atá ina fhógróir ar an margadh ar líne sin freisin.[62]

140. Faoi RGCS, aithnítear go bhfuil freagracht chomhpháirteach ann nach gá a bheith mar fhreagracht is ionann do na hoibreoirí éagsúla a bhfuil baint acu le próiseáil sonraí pearsanta. Os a choinne sin, féadfaidh na hoibreoirí sin a bheith rannpháirteach ag céimeanna éagsúla den phróiseáil agus ar leibhéil éagsúla, ionas nach mór leibhéal freagrachta gach ceann acu a mheas agus imthosca ábhartha uile an cháis á gcur san áireamh.

141. Díreoidh mé, áfach, ar oibleagáidí agus ar fhreagrachtaí oibreoir margaidh ar líne sa mhéid, sa chás seo, atá freagracht an oibreora sin as próiseáil sonraí pearsanta i bhfógra atá ar taispeáint ar a mhargadh ar líne i gceist.

142. Tá ceisteanna a dó agus a trí beartaithe lena chinneadh an gceanglaítear ar oibreoir suímh gréasáin, sula bhfoilseofar fógra, faoi seach, céannacht an duine a phostálann an fógra agus céannacht an duine ar a bhfuil sé dírithe a fhíorú, chomh maith le hábhar na bhfógraí a sheolann úsáideoirí.

[61] Féach mír 99 den Tuairim seo.

[62] Féach, i ndáil leis an tsaincheist sin, mír 115 den Tuairim seo.

143. I ndáil leis sin, níl mé cinnte nach mór d'oibreoir margaidh ar líne a áirithiú gurb é an t-úsáideoir is fógróir an duine a mbaineann na sonraí atá i bhfógra leis. Go deimhin, is féidir le húsáideoir atá ina fhógróir margadh ar líne a úsáid freisin chun fógra a bhaineann le duine eile a fhoilsiú.

144. Mar sin féin, ní mór do rialaitheoir a fhíorú an bhfuil próiseáil sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú an ábhair sonraí nó ar bhonn dlisteanach eile dá bhforáiltear leis an dlí. Forchuirtear oibleagáid den sórt sin air le hAirteagal 5(1)(a), le hAirteagal 6(1) agus le hAirteagal 7(1) de RGCS.

145. Dá bhrí sin, má ghníomhaíonn oibreoir margaidh ar líne mar rialaitheoir, ní mór dó a áirithiú gur thoiligh an duine a bhfuil a chuid sonraí i bhfógra leis an bpróiseáil. Go loighciúil, ní mór dó ábhar aon fhógra a chuireann fógróir isteach a sheiceáil freisin chun a fhíorú an bhfuil sonraí pearsanta ann.

146. I gcomhréir le prionsabal na cothroime, arna leagan síos in Airteagal 5(1)(a) de RGCS, ní mór don rialaitheoir a fhíorú a áirithiú freisin go ndéanfar próiseáil ar na sonraí ar bhealach cothrom i ndáil leis an duine lena mbaineann. Thairis sin, faoi Airteagail 24 agus 25 den Rialachán sin, ní mór dó bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme freisin chun a áirithiú go ndéanfar próiseáil i gcomhréir leis an Rialachán sin. Agus é sin á dhéanamh aige, ní mór dó rioscaí a chur san áireamh a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs ina ndéantar na sonraí a phróiseáil.

147. D'fhéadfadh rioscaí do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha agus, go háirithe, damáiste nó díobháil neamhábhartha a bheith i gceist le próiseáil sonraí pearsanta atá ar fáil go poiblí i dtimpeallacht ar líne.

148. I gcás ina bhfuil oibreoir margaidh ar líne freagrach as próiseáil na sonraí atá i bhfógraí a phostáiltear ar an margadh sin, ní mór dó faireachán a dhéanamh ar na fógraí sula bhfoilseofar ar líne iad, seiceáil an bhfuil a bpróiseáil bunaithe ar thoiliú an ábhair sonraí nó an bhfuil bonn dlisteanach eile dá bhforáiltear sa dlí léi agus bearta a ghlacadh isteach chun láimhseáil dhíobhálach na n-ábhar sonraí a sheachaint. Mura gcomhlíonann sé na prionsabail sin, féadfar é a chur faoi dhliteanas i leith sáruithe ar an Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 82 de RGCS.

149. Leis an gceathrú ceist, féachtar lena fháil amach an gá d'oibreoir margaidh ar líne bearta slándála a chur chun feidhme amhail cosc nó teorainn a chur le cóipeáil agus athdháileadh ábhar na bhfógraí a fhoilsítear tríd.

150. Más rud é, i bhfianaise an chomhthéacs ina ndéantar an phróiseáil, go bhféadfadh sé go nglacfadh suíomh eile seilbh ar na fógraí agus go bhféadfaí tuilleadh próiseála a bheith déanta ar na sonraí pearsanta ar bhealach nach mbeadh ag teacht leis na críocha ar chucu a bailíodh iad, d'fhéadfadh an rialaitheoir breithniú a dhéanamh ar bhearta den sórt sin a chur chun feidhme, ar bearta iad nach mór a bheith iomchuí. Níl mé cinnte gur cheart go mbeadh oibleagáid ar oibreoir margaidh ar líne, arb é an rud a fhágann go bhfuil ciall eacnamaíoch leis, ó thaobh an oibreora agus na bhfógróirí de, rochtain an phobail ar na fógraí a chuirtear suas ann, chun athdháileadh na bhfógraí sin a theorannú. Ina theannta sin, is gnách go mbíonn sé mar chuspóir le hábhar a uaslódáil go mbeadh rochtain gach aon úsáideora den idirlín air, rud a fhágann go bhféadfaí é a athdháileadh. In aon chás, i bhfianaise na mbreithnithe atá leagtha amach agam i mír 148 den Tuairim seo, níor cheart an fógra atá i gceist a fhoilsiú ar mhargadh ar líne Russmedia gan toiliú ón ábhar sonraí.

151. Gan dochar do na barúlacha breise thuas maidir le hoibleagáidí agus freagrachtaí rialaitheora, creidim fós go bhfuil oibreoir margaidh ar líne mar phróiseálaí ar na sonraí pearsanta atá i bhfógraí a phostáiltear ar an margadh sin.[63] Sna himthosca sin, tá an ghaol idir Treoir 2000/31 agus RGCS le scrúdú fós.

C. Maidir leis an ngaol idir na córais arna mbunú le Treoir 2000/31 agus le RGCS faoi seach

152. Baineann ceisteanna a dó agus a trí, *inter alia*, le hAirteagal 2(4) de RGCS, maidir leis an ngaol idir an Rialachán sin agus Treoir 2000/31. Thairis sin, déantar tagairt iontu d'fhorálacha an Rialacháin sin lena socraítear oibleagáidí agus freagrachtaí rialaitheora de réir bhrí Airteagal 15 den Treoir sin. Dealraítear go nglactar leis, sna ceisteanna sin, go ndéanfar cur i bhfeidhm comhthráthach ar RGCS agus ar an Treoir sin.

153. Sula ndéanfaidh mé scrúdú ar chur i bhfeidhm comhthráthach mar sin den dá ionstraim sin de dhlí an Aontais (Roinn 2), áfach, ní mór dom a chur in iúl go bhfuil teannas áirithe idir an cás dá dtagraítear sa chéad cheist agus an cás dá dtagraítear i gceisteanna a dó, a trí, agus a ceathair (Roinn 1).

1. Soláthraí neodrach seirbhíse óstála i gcáil rialaitheora

154. Mar mheabhrúchán, leanann sé ó mo chuid anailíse go mbíonn Russmedia ag gníomhú i gcáil próiseálaí maidir le próiseáil na sonraí pearsanta atá sna fógraí a foilsíodh ar a mhargadh ar líne.[64] Os a choinne sin, is é hipitéis oibre na cúirte a rinne an tarchur gur ghníomhaigh an chuideachta sin mar rialaitheoir. Sna himthosca sin, san ordú tarchuir ardaítear an cheist an bhféadfadh dhá ról a bheith ag oibreoir margaidh ar líne, arb iad ról an tsoláthraí neodraigh seirbhíse óstála d'fhianaise arna stóráil arna iarraidh sin d'úsáideoirí a sheirbhíse, de réir bhrí Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31, agus ról an rialaitheora ar na sonraí pearsanta atá san fhaisnéis sin. Ar thaobh amháin féachtar leis an gcéad cheist lena fháil amach an soláthraí idirmheánach é Russmedia, de réir bhrí Roinn 4 de Chaibidil II den Treoir sin. Ar an taobh eile, is cosúil go bhfuil sé mar bhonn le ceisteanna a dó a trí agus a ceathair nach mór an chuideachta sin a aicmiú mar 'rialaitheoir' de réir bhrí RGCS.

155. I ndáil leis sin, tuigim nár chuir an Chúirt Bhreithiúnais as an áireamh, ina cásdlí, go bhféadfadh ról neodrach a bheith ag rialaitheoir sonraí pearsanta de réir bhrí RGCS maidir leis an bhfaisnéis ina bhfuil na sonraí sin agus go bhféadfadh sé teacht faoin díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31. Bhí a leithéid tugtha faoi deara ag údair na litríochta dlíthiúla freisin maidir le cásdlí náisiúnta.[65]

156. Is fíor, sa chéad áit, gur chinn an Chúirt, in *Google Spain agus Google*, gur rialaitheoir é oibreoir innill cuardaigh maidir le sonraí pearsanta atá i bhfaisnéis arna foilsiú nó arna cur ar an idirlíon ag tríú páirtithe atá suite, innéacsaithe agus stóráilte ag an oibreoir sin.[66] Sa dara háit, in *Google France agus Google*, thug an Chúirt aghaidh ar an gceist an bhféadfadh oibreoir an innill cuardaigh chéanna sin leas a bhaint as an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1)

63 Féach mír 137 den Tuairim seo.

64 Féach mír 120 den Tuairim seo.

65 Féach, chuige sin, Keller, D., 'The Right Tools : Europe's Intermediary Liability Laws and the EU 2016 General Data Protection Regulation', *Berkeley Technology Law Journal*, Iml. 33, Uimh. 1, 2018, lch. 373.

66 Féach breithiúnas an 13 Bealtaine 2014, *Google Spain agus Google* (C-131/12, EU:C:2014:317).

de Threoir 2000/31.[67] Níor bhain an dara breithiúnas sin le hoibriú an innill cuardaigh sin, áfach, ach le seirbhís tagartha. Ina theannta sin, sa bhreithiúnas sin, d'fhág an Chúirt faoin gcúirt a rinne an tarchur a mheas an raibh an ról a d'fheidhmigh an t-oibreoir sin ag freagairt do ról an tsoláthraí idirmheánaigh, de réir bhrí na forála sin.[68]

157. Níos tábhachtaí fós, ar an gcéad dul síos, mar a luaigh mé thuas,[69] ní fhéadfaidh soláthraí idirmheánach seirbhíse, de réir na brí atá beartaithe ag an reachtóir i Roinn 4 de Chaibidil II de Threoir 2000/31, ról a imirt lena dtabharfaí eolas nó smacht dó ar na sonraí arna stóráil agus, dá bhrí sin, ní mór dó é féin a theorannú do sholáthar neodrach a sheirbhíse trí phróiseáil atá go hiomlán teicniúil. Ar an dara dul síos, mar chuid de ról an rialaitheora déantar cinneadh maidir le cuspóir agus modhanna na próiseála ar shonraí pearsanta agus, go háirithe, bíonn tionchar á imirt ar an gceist an gcuirfear na sonraí faoi réir oibríochtaí próiseála amhail clárú, athrú nó scaipeadh agus, i gcás inarb iomchuí, na sonraí sin a chinneadh.[70] Tá feidhmiú tionchair den sórt sin ar neamhréir leis an ról neodrach atá ceaptha a bheith ag soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise, maidir le faisnéis a stóráiltear arna iarraidh sin d'úsáideoirí, chun go mbeidh sé in ann teacht faoin díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31. Ar an gcaoi chéanna, mar atá mínithe agam,[71] forchuirtear oibleagáidí agus freagrachtaí ar an rialaitheoir faoinar gá dó gníomhú go réamhghníomhach. Go bunúsach, chun na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a chomhlíonadh, ní mór go mbeadh an rialaitheoir ar an eolas faoi na sonraí lena mbaineann agus rialú á fheidhmiú aige orthu. Níl athbhreithniú den sórt sin ag teacht le ról neodrach soláthraí den sórt sin ach an oiread.

158. Dá bhrí sin, más rud é, ar an gcéad dul síos, gurb ionann seirbhís óstála agus stóráil faisnéise arb ionann í, ó thaobh RGCS de, agus sonraí pearsanta agus, ar an dara dul síos, go meastar gur rialaitheoir é soláthraí na seirbhíse sin, de réir bhrí an Rialacháin sin, ansin níl ról an tsoláthraí sin teoranta do stóráil neodrach faisnéise den sórt sin. Mar sin, tá ról gníomhach ag soláthraí seirbhíse den sórt sin maidir leis an bhfaisnéis sin agus eisiatar é ón díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

159. Tá an teannas idir an cás dá dtagraítear sa chéad cheist agus an cás dá dtagraítear i gceisteanna a dó a trí agus a ceathair ina údar tacaíochta le léiriú ar RGCS ar dá réir nach ngníomhaíonn oibreoir margaidh ar líne mar rialaitheoir na sonraí pearsanta atá sna fógraí a stórálann sé arna iarraidh sin d'úsáideoirí fógróirí, ach mar phróiseálaí na sonraí sin.[72]

160. Ba mhaith liom a chur in iúl, ar mhaithe le hiomláine, nach féidir liom a bheith cinnte nach rud é gur roghnaigh reachtóir an Aontais gan cur as an áireamh go bhféadfadh soláthraí seirbhíse óstála atá ag gníomhú mar rialaitheoir teacht faoin díolúine ó dhliteanas faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Cé gur scriosadh Airteagail 12 go 15 de Threoir 2000/31,[73] leis an Rialachán sin, rinneadh na forálacha sin a atáirgeadh mar sin féin sa Treoir sin, arna léiriú ag an gCúirt. Leis an Rialachán sin, in Airteagal 7, dearbhaítear freisin '[nach] measfar go mbeidh soláthraithe idirmheánacha seirbhíse neamh-incháilithe do na díolúintí ó dhliteanas [...] toisc, de mheon macánta agus ar bhealach dícheallach, go ndéanann siad imscrúduithe féintionscnaimh deonacha [...] *nó go ndéanann siad na bearta is gá chun ceanglais dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a*

[67] Féach breithiúnas an 23 Márta 2010, *Google France agus Google* (C-236/08 go C-238/08, EU:C:2010:159, míreanna 106 go 120).

[68] Féach breithiúnas an 3 Márta 2010, *Google France agus Google* (C-236/08 go C-238/08, EU:C:2010:159, míreanna 114 go 119).

[69] Féach mír 49 den Tuairim seo.

[70] Féach míreanna 113 go 115 den Tuairim seo.

[71] Féach mír 148 den Tuairim seo.

[72] Féach, i ndáil leis an aicmiú dlíthiúil sin, mír 120 den Tuairim seo.

[73] Féach Airteagal 89 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

chomhlíonadh, i gcomhréir le dlí an Aontais'.[74] Sa chéad chuid den fhoráil sin, a bhaineann le 'bearta arna dtabhairt isteach go deonach ag soláthraí', tá gnéithe is coiteann do chásdlí na Cúirte arna forbairt cheana féin faoi Threoir 2000/31.[75] Leis an dara cuid, a bhaineann leis 'na bearta is gá chun ceanglais dhlí an Aontais [...] a chomhlíonadh', arna cur isteach leis an Rialachán sin, ceadaítear go mbeadh ról soláthraí neodrach idirmheánach fós ag soláthraí seirbhíse óstála agus na hoibleagáidí a fhorchuirtear air le RGCS á gcomhlíonadh. Mar sin féin, níl clásal i dTreoir 2000/31 chuige sin agus ní gá clásal a thabhairt isteach trí léiriú a dhéanamh ar an Treoir sin.

161. Ní mór a chinneadh fós an bhféadfaidh gníomhaí a bhfuil baint aige le próiseáil sonraí pearsanta i gcáil próiseálaí, a bhféadfaí a dhliteanas maidir le próiseáil na sonraí sin a thabhú mar gheall ar shárú RGCS, brath ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

2. Cur i bhfeidhm comhthráthach RGCS agus Threoir 2000/31

162. Eascraíonn an fhadhb a ardaítear san ordú tarchuir as an bhfíoras go raibh sonraí pearsanta a próiseáladh de shárú ar RGSC san fhaisnéis a stóráladh arna iarraidh sin d'fhaighteoir na seirbhíse. As sin, tagann an tsaincheist idir na páirtithe sna príomhimeachtaí, atá ina hábhar díospóireachta acadúla le fada an lá:[76] an bhféadfadh gníomhaí a bhfuil baint aige le próiseáil sonraí pearsanta, a d'fhéadfaí a chur faoi dhliteanas i leith sárú ar RGCS, brath ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31?

163. I ndáil leis sin, ba cheart dom a thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an anailís a rinne mé ar an dá ionstraim sin de dhlí an Aontais, nach bhféadfadh soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise arb é rialaitheoir na sonraí pearsanta atá san fhaisnéis a stóráiltear arna iarraidh sin d'úsáideoirí na seirbhíse sin, brath ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31.[77] Dá bhrí sin, tá an anailís seo a leanas beartaithe chun a chinneadh an bhféadfaidh soláthróir atá ag gníomhú mar phróiseálaí ar shonraí den sórt sin brath ar an díolúine sin, agus chun na críche sin amháin. Ba mhaith liom a mheabhrú, i ndiaidh mo chuid anailíse ar fhorálacha RGCS, nach mór dom a mholadh go measfadh an Chúirt gur ghníomhaigh Russmedia mar phróiseálaí.[78]

164. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur an ea, sa díospóid sna príomhimeachtaí, go bhféadfadh dliteanas Russmedia a thabhú as sárú ar RGCS faoi Airteagal 82 den Rialachán sin nó faoi na rialacha maidir le dliteanas sibhialta a leagtar síos leis an dlí náisiúnta. Ag an am céanna, d'fhéadfadh sárú ar rialacha eile a bheith ag gabháil le sárú ar riail maidir le cosaint sonraí pearsanta, amhail na rialacha sin a bhaineann le

[74] Béim curtha leis.

[75] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *YouTube agus Cyando* (mír 115).

[76] De réir roinnt teoiricithe, tá feidhm charnach ag an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 le RGCS. Féach, chuige sin, Keller, D., 'The Right Tools: Europe's Intermediary Liability Laws and the EU 2016 General Data Protection Regulation', *Berkeley Technology Law Journal*, Iml. 33, Uimh. 1, 2018, lch. 371, agus Sartor, G., 'Providers' Liabilities in the New EU Data Protection Regulation: A Threat to Internet Freedoms?', *International Data Privacy Law*, Iml. 3, Uimh. 1, 2013, lgh. 5 agus 8. Tá údair eile den tuairim nach bhfuil aon fhorluí idir an dá chóras. Féach, chuige sin, Riordan, J., *The Liability of Internet Intermediaries*, Oxford, Oxford University Press, Oxford, lgh. 383 agus 384.

[77] Féach mír 157 den Tuairim seo.

[78] Féach mír 120 den Tuairim seo.

cosaint tomhaltóirí[79] agus cearta pearsantachta, agus ní raibh sé i gceist ag reachtóir an Aontais comhchuibhiú uileghabhálach a dhéanamh ar na leigheasanna atá ar fáil i gcás sárú ar fhorálacha RGCS.[80]

165. In aon chaoi, sa mhéid a bhaineann leis an bhfreagracht sibhialta, i dTreoir 2000/31 agus i RGCS araon, tá forálacha lena dtugtar noda maidir leis an ngaol idir an dá ghníomh sin de dhlí an Aontais.

(a) Maidir le forálacha ábhartha Threoir 2000/31

166. Le hAirteagal 1(5)(b) de Threoir 2000/31, dar teideal 'Cuspóir agus raon feidhme', foráiltear nach bhfuil an Treoir sin infheidhme maidir le ceisteanna a bhaineann le seirbhísí na sochaí faisnéise atá cumhdaithe leis na rialacha de dhlí an Aontais is infheidhme maidir le sonraí pearsanta. Go sonrach, san fhoráil sin, tagraítear do Threoracha 95/46 agus 97/66, ar cuireadh RGCS[81] agus Treoir 2002/58/CE[82] ina n-ionaid, faoi seach.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

167. Thairis sin, in aithris 14 de Threoir 2000/31, a bhaineann leis an tsaincheist dá dtagraítear in Airteagal 1(5) di, luaitear go rialaítear cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta le Treoracha 95/46 agus 97/66, agus leo sin amháin, 'atá infheidhme go hiomlán maidir le seirbhísí na sochaí faisnéise. Leis na Treoracha sin bunaítear creat dlí [den Aontas] cheana féin i réimse na sonraí pearsanta agus, dá bhrí sin, ní gá aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin i [dTreoir 2000/31] chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, agus go háirithe saorghluaiseacht sonraí pearsanta idir na Ballstáit. Ba cheart go gcomhlíonfadh cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm [na Treorach sin] na prionsabail a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

168. San am a caitheadh, tá scrúdú déanta ag an gCúirt cheana féin ar léiriú ar Airteagal 1(5)(b) de Threoir 2000/31.

169. Ar an gcéad dul síos, sa bhreithiúnas in *Promusicae*,[83] ardaíodh an cheist an gceanglaítear le dlí an Aontais ar na Ballstáit oibleagáid a leagan síos sonraí pearsanta a nochtadh in imeachtaí sibhialta chun cosaint éifeachtach cóipchirt a áirithiú. Sa chás sin, thagair an chúirt a rinne an tarchur do roinnt treoracha a d'fhéadfadh, dar léi, a bheith ina mbunús dlí le hoibleagáid den sórt sin.

[79] Féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Aibreán 2022, *Meta Platforms Ireland* (C-319/20, EU:C:2022:322, mír 78).

[80] Féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Lindenapotheke* (C-21/23, EU:C:2024:846, mír 60).

[81] De réir Airteagal 94(2) de RGCS, glacfar le tagairtí do Threoir 95/46 amhail go bhfuil tagairt á déanamh don Rialachán sin.

[82] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO 2002 L 201, lch. 37). Glacfar le tagairtí i ndlí an Aontais do Threoir 97/66 amhail, faoi Airteagal 19 de Threoir 2002/58, go raibh tagairt á déanamh don Treoir sin.

[83] Breithiúnas an 29 Eanáir 2008 (C-275/06, EU:C:2008:54, míreanna 41 agus 56).

170. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go leanann sé ó Airteagal 1(5)(b) de Threoir 2000/31 nach féidir dochar a dhéanamh le hoibleagáid den sórt sin, má ghlactar leis go bhforáiltear di leis an Treoir sin, do na ceanglais a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.[84] Ba chosúil, dá bhrí sin, go raibh sé beartaithe ag an gCúirt an Treoir sin agus na hionstraimí de dhlí an Aontais a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta a chur i bhfeidhm i gcomhthráth.

171. Ar an dara dul síos, in *La Quadrature du Net agus páirtithe eile*,[85] thug an Chúirt aghaidh ar an gceist an gcuirtear cosc le Treoir 2000/31 ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar sholáthraithe rochtana ar sheirbhísí cumarsáide poiblí ar líne agus ar sholáthraithe seirbhísí óstála sonraí pearsanta a bhaineann leis na seirbhísí sin a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach. Mheas an chúirt a rinne an tarchur go raibh an cheist sin á rialú ag an Treoir sin agus nár bunaíodh le hAirteagal 15 di, inti féin, toirmeasc ginearálta ar shonraí a choinneáil a bhaineann le cruthú inneachair nach bhféadfaí ach maoluithe eisceachtúla a dhéanamh ina leith.[86]

172. Chinn an Chúirt nach bhfuil feidhm ag Treoir 2000/31 maidir le rúndacht cumarsáide agus daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs sheirbhísí na sochaí faisnéise, agus go rialaítear an chosaint sin, de réir mar a tharlaíonn, le Treoir 2002/58 nó le RGCS.[87]

173. Baineann nádúr an-soiléir an fhreagra seo leis an gcomhthéacs inar tugadh é.

174. Ar an gcéad dul síos, ní féidir dearmad a dhéanamh go dtagraítear go sonrach in aithris 15 de Threoir 2000/31 do rúndacht na cumarsáide agus go bhforáiltear léi, i gcomhréir le Treoir 97/66, dá dtagraítear in Airteagal 1(5)(b) de Threoir 2000/31, 'nach mór do na Ballstáit toirmeasc a chur ar gach cineál idircheaptha aindleathaigh nó faireachais ar chumarsáidí den sórt sin arna ndéanamh ag daoine seachas seoltóirí agus faighteoirí, ach amháin i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí den sórt sin údaraithe faoin dlí'. Deimhnítear le Treoir 2002/58, a tháinig in ionad Threoir 97/66, an toirmeasc sin agus leagtar síos léi na coinníollacha faoina bhféadfaidh na Ballstáit maolú uirthi. Ar an gcaoi chéanna, faoi Airteagal 23 den Rialachán RGCS, tá teorainn le discréid na mBallstát maidir leis na bearta maolaithe a bhaineann le cosaint na sonraí pearsanta sin.

175. Ar an dara dul síos, chun teacht ar an gconclúid dá dtagraítear i mír 171 den Tuairim seo, shonraigh an Chúirt gur le Treoir 2002/58 nó le RGCS, agus leo sin amháin, a rialaítear cosaint rúndacht na cumarsáide agus daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta, 'agus é á shonrú nach bhféadfaí an bonn a bhaint in aon chás, leis an gcosaint a bhféachtar lena háirithiú le Treoir 2000/31, de na ceanglais a eascraíonn as Treoir 2002/58 agus [RGCS]'.[88]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

[84] Féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Eanáir 2008, *Promusicae* (C-275/06, EU:C:2008:54, mír 57).

[85] Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020 (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 193).

[86] Féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 194).

[87] Féach breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 212).

[88] Féach breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *La Quadrature du Net agus páirtithe eile* (C-511/18, C-512/18 agus C-520/18, EU:C:2020:791, mír 200).

176. Dá bhrí sin, ar thaobh amháin, tugtar le tuiscint leis an gcásdlí a bhaineann le hAirteagal 1(5)(b) de Threoir 2000/31, nach bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir le ceisteanna atá faoi réir reachtaíocht shonrach i gcomhthéacs Threoir 2002/58 agus RGCS. Ar an taobh eile, tá feidhm ag Treoir 2000/31 agus ag na rialacha de dhlí an Aontais is infheidhme maidir le sonraí pearsanta go comhthráthach i ndáil le haon ábhar eile, ach ní féidir dochar a dhéanamh le forálacha na Treorach sin do na ceanglais a bhaineann le cosaint sonraí den sórt sin.

(b) Maidir le forálacha ábhartha RGCS

177. Faigheann an léiriú a rinne mé i mír 176 den Tuairim seo tacaíocht ó Airteagal 2(4) de RGCS, lena bhforáiltear go bhfuil feidhm ag an Rialachán sin 'gan dochar' do chur i bhfeidhm Threoir 2000/31, go háirithe na rialacha maidir le dliteanas soláthraithe idirmheánacha seirbhíse a leagtar síos in Airteagail 12 go 15 den Treoir sin.[89]

178. Cé gur rud é, i dtéarmaí dhlí an Aontais, go bhféadfadh torthaí éagsúla a bheith mar thoradh ar dhearbhú go bhfuil feidhm ag ionstraim dlí, nó ag ceann dá forálacha, 'gan dochar' d'ionstraim eile, sonraítear in RGCS go bhfuil feidhm aici gan dochar, go sonrach, d'fhorálacha sonracha Threoir 2000/31. Theastaigh ó reachtóir an Aontais, dá bhrí sin, a chur i bhfios go láidir nach gcuirtear teorainn leis an Rialachán sin le raon feidhme fhorálacha sonracha na Treorach sin. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil tosaíocht ag RGCS ar Threoir 2000/31 ar an bhforas gur glacadh í tar éis na Treorach sin.

(c) Barúlacha deiridh

179. I bhfianaise an mhéid atá thuas, tá Treoir 2000/31, arna léiriú ag an gCúirt,[90] agus RGCS[91] araon struchtúrtha ar bhealach a fhágann gur féidir iad a chur i bhfeidhm i gcomhthráth le ceisteanna nach bhfuil faoi réir reachtaíocht shonrach i gcomhthéacs an Rialacháin sin. Dá bhrí sin, tá sé fós le cinneadh an bhfuil clásal in RGCS a chomhlíonann ról atá inchomparáide le ról Airteagal 14(1) den Treoir sin.

180. I ndáil leis sin, foráiltear le hAirteagal 82(3) de RGCS go bhfuil rialaitheoir, nó próiseálaí, ag brath ar na himthosca, díolmhaithe ó dhliteanas i leith damáiste arna dhéanamh tríd an bpróiseáil a bhí de shárú ar an Rialachán sin 'má chruthaíonn sé nach bhfuil sé ar dhóigh ar bith freagrach as an imeacht ba shiocair leis an damáiste'. I gcás sárú maidir le sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 4(10) den Rialachán sin, féadfaidh an rialaitheoir nó an próiseálaí a bheith díolmhaithe ó dhliteanas, ar bhonn Airteagal 82(3) den Rialachán sin, trína chruthú nach bhfuil aon nasc cúisíoch idir an sárú sin a d'fheadfadh a bheith ann ar an oibleagáid sonraí a chosaint agus an damáiste a bhain don duine nádúrtha.[92]

181. Ní mheasaim go bhfuil Airteagal 82(3) RGCS ina chlásal lena ndíolmhaítear dliteanas, atá inchomparáide ó thaobh an róil a chomhlíontar leis le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

182. Níl feidhm ag Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 ach amháin más féidir soláthraí idirmheánach a chur faoi dhliteanas, faoi na rialacha is infheidhme maidir leis, i leith faisnéis a stóráiltear arna iarraidh sin d'úsáideoirí a sheirbhíse idirmheánacha. Dá bhrí sin, ní thagann an

[89] Féach freisin aithris 21 de RGCS.

[90] Féach mír 176 den Tuairim seo.

[91] Féach mír 178 den Tuairim seo.

[92] Féach breithiúnas an 14 Nollaig 2023, *Natsionalna agentsia za prihodite* (C-340/21, EU:C:2023:986, mír 72).

cheist maidir le hinfheidhmeacht na forála sin chun cinn ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha maidir le dliteanas an tsoláthraí sin i leith na faisnéise arna stóráil, a leagtar síos leis na rialacha is infheidhme. I ndáil leis sin, leagtar síos na coinníollacha maidir leis an gceart chun cúitimh dá bhforáiltear in Airteagal 82 de RGCS i míreanna 1 go 3 den Airteagal sin. Ní thugtar isteach le hAirteagal 82(3) den Rialachán sin ach coinníoll maidir leis an dliteanas sin. [93] Tá dliteanas an rialaitheora faoi Airteagal 82 den Rialachán sin *faoi choinníoll locht a bheith ar an rialaitheoir*, a thoimhdítear, mura gcruthaíonn an rialaitheoir nach bhfuil an teagmhas ba chúis leis an damáiste inchurtha ina leith ar bhealach ar bith, de réir bhrí mhír 3. [94]

183. Ní hea, mar sin, nach bhféadfadh próiseálaí a bhféadfadh dliteanas a bheith aige faoi Airteagal 82 de RGCS teacht faoin díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

184. Ní mór a mheabhrú, áfach, nach bhféadfar próiseálaí a chur faoi dhliteanas faoin dara habairt d'Airteagal 82(2) RGCS ach amháin murar chomhlíon sé na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán sin atá go sonrach ar na próiseálaithe nó má ghníomhaigh sé lasmuigh de threoracha dleathacha an rialaitheora nó contrártha dóibh. Dá bhrí sin, maidir leis na hoibleagáidí agus na freagrachtaí atá ar oibreoir margaidh ar líne a ghníomhaíonn mar phróiseálaí i ndáil leis na sonraí atá i bhfógraí a fhoilsítear ar a ardán, tá siad nasctha go príomha le hAirteagal 32 den Rialachán sin. [95]

185. É sin ráite, mar a luaigh mé cheana, ní léir an bhféadfadh Russmedia, sa díospóid sna príomhimeachtaí, a bheith faoi dhliteanas i leith sárú ar RGCS faoi Airteagal 82 den Rialachán sin nó faoi fhorálacha náisiúnta. Más féidir dliteanas i leith sárú ar an Rialachán sin a thabhú ar bhonn forálacha náisiúnta (ionas nach mbeadh feidhm ag Airteagal 82(3) den Rialachán sin), is lú arís an t-údar chun an t-eintiteas lena mbaineann a eisiamh ó thairbhe na díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31.

186. Mar fhocal scoir, measaim go bhféadfaidh gníomhaí atá bainteach le próiseáil sonraí pearsanta i gcáil próiseálaí, a bhféadfaí a dhliteanas a thabhú mar gheall ar shárú ar RGCS, brath ar an díolúine ó dhliteanas dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31. Le mo chonclúid maidir leis an ngaol idir an dá ionstraim sin de dhlí an Aontais, dá réir sin, ní fhéadfaí athrú a dhéanamh ar na freagraí atá molta agam ar na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú.

IV. Conclúid

187. I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, molaim don Chúirt freagra a thabhairt ar na ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú ag an Curtea de Apel Cluj (Cúirt Achomhairc Cluj, an Rómáin) mar seo a leanas:

1) Maidir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000, maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('An Treoir um thrádáil leictreonach'),

   ní mór léiriú a dhéanamh air mar seo a leanas

[93] Féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Krankenversicherung Nordrhein* (C-667/21, EU:C:2023:1022, mír 94).

[94] Féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, *Agentsia po vpisvaniyata* (C-200/23, EU:C:2024:827, mír 163).

[95] Féach mír 126 den Tuairim seo.

féadfaidh soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise arb é atá i gceist léi margadh ar líne a chur ar fáil d'úsáideoirí inar féidir fógraí saor in aisce nó fógraí íoctha a fhoilsiú a bheith cumhdaithe leis an díolúine ó dhliteanas arna leagan amach san fhoráil sin, fiú i gcás ina gcuireann an soláthróir sin in iúl, trí choinníollacha ginearálta úsáide an mhargaidh ar líne, cé nach n-éilíonn an soláthraí sin ceart úinéireachta ar an ábhar a sholáthraítear nó a fhoilsítear, a uaslódáiltear nó a tharchuirtear, go bhfuil an ceart chun an t-ábhar a úsáid á choinneáil aige, lena n-áirítear cóipeáil, dáileadh, tarchur, foilsiú, macasamhlú, modhnú, aistriú, é a shannadh do chomhpháirtithe agus é a bhaint ag am ar bith, fiú gan chúis a bheith ag teastáil chun é sin a dhéanamh, ar an gcoinníoll nach nglacann an soláthraí sin bearta lena bhfágfaí nach mbeadh sé ina sholáthraí óstála neodrach.

2) Maidir le hAirteagal 5(1)(f), Airteagal 6(1)(a), agus Airteagail 7, 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)

ní mór léiriú a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

bíonn soláthraí seirbhíse na sochaí faisnéise arb é a ghníomhaíocht fógraí saor in aisce nó íoctha a óstáil ar shuíomh gréasáin arna iarraidh sin dá úsáideoirí ag gníomhú i gcáil próiseála sa mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta i bhfógraí arna bpostáil ar a mhargadh ar líne. Sa chomhthéacs sin, ní cheanglaítear air ábhar na bhfógraí a fhoilsítear a fhíorú ná bearta slándála a chur i bhfeidhm amhail cosc nó teorainn a chur le cóipeáil agus athdháileadh ábhar na bhfógraí a fhoilsítear tríd. Mar sin féin, ní mór dó bearta eagraíochtúla agus teicniúla iomchuí a chur chun feidhme chun slándáil na próiseála i leith tríú páirtithe a áirithiú. Contrártha leis sin, gníomhaíonn sé mar rialaitheoir maidir le sonraí pearsanta úsáideoirí ar fógróirí iad atá cláraithe ar a shuíomh gréasáin. Sa chomhthéacs sin, ceanglaítear air céannacht na n-úsáideoirí sin, ar fógróirí iad, a fhíorú.